



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2018
(OR. en)

2018/0160 (COD)

PE-CONS 59/18

CODIF 25
COMER 87
COHOM 111
WTO 254
UD 224
CODEC 1592

GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach

RIALACHÁN (AE) 2018/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an...

maidir le trádáil in earraí áirithe
a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis,
le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach,
mídhaonna nó táireach

(códú)

TÁ PARLIAMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach¹,

De bharr an méid seo a leanas:

¹ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Samhain 2018 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an

- (1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle¹ a leasú go suntasach roinnt uaireanta². Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht, ba cheart an Rialachán sin a chódú.
- (2) De bhun Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ceann de na luachanna is coiteann do na Ballstáit is ea urraim do chearta an duine. Shocraigh an Comhphobal Eorpach in 1995 an urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha a bheith ina gné ríthábhachtach dá chaidreamh le tríú tíortha. Socraíodh clásal a chur isteach chun na críocha sin in aon chomhaontú nua trádála, comhair agus comhlachais de chineál ginearálta arna thabhairt i gcrích le tríú tíortha.
- (3) Le hAirteagal 5 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, le hAirteagal 7 de Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le hAirteagal 3 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, leagtar síos toirmeasc neamhchoinníollach uileghabhálach ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Le forálacha eile, go háirithe Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir leis an Uile Dhuine a Chosaint ó Chéastóireacht agus ó Íde nó ó Phionós eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach³ agus Coinbhinsiún 1984 na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionós eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach, cuirtear oibleagáid ar na Stáit an chéastóireacht a chosc.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (IO L 200, 30.7.2005, lch. 1).

² Féach Iarscríbhinn X.

³ Rún 3452 (XXX) an 9 Nollaig 1975 ó Chruinniú Ardleibhéil Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

- (4) In Airteagal 2(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“an Chairt”), maítear nach ndéanfar aon duine a dhaoradh chun báis ná a chur chun báis. An 22 Aibreán 2013, d’fhormheas an Chomhairle “Treoirlínte AE i dtaca le pionós an bháis” agus shocraigh sí go n-oibreodh an tAontas i dtreo deireadh a chur le pionós an bháis ar fud an domhain.
- (5) In Airteagal 4 den Chairt, maítear nach ndéanfar céastóireacht ar aon duine agus nach gcuirfear aon íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach ar aon duine. An 20 Márta 2012, d’fhormheas an Chomhairle “Treoirlínte maidir le beartas an AE i leith tríú tíortha i dtaca le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (Treoirlíne nuashonraithe)”. I gcomhréir leis na treoirlínte sin, ba cheart go n-iarrfaí ar thríú tíortha cosc a chur le trealamh a úsáid, a tháirgeadh agus a thrádáil atá ceaptha chun céastóireacht a dhéanamh nó chun íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a ghearradh ar dhuine agus mí-úsáid aon trealaimh eile chun na gcríoch sin a chosc. Thairis sin, ba cheart go leagfaí síos, trí bhíthin an toirmisc ar phionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach, srianta soiléire ar úsáid phionós an bháis. Ar an ábhar sin, ní mheasfar gur pionós dleathach é pionós an bháis in imthosca ar bith.

- (6) Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha de chuid an Aontais a leagan síos maidir le trádáil le tríú tíortha a mhéid a bhaineann le hearraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis agus le hearraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Tá na rialacha sin ríthábhachtach maidir le hurraim do bheatha an duine agus do chearta bunúsacha an duine a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, an mhoráltacht phoiblí a chosaint. Ba cheart na rialacha sin a áirithiú nach mbaineann oibreoirí eacnamaíocha an Aontais aon tairbhe as trádáil lena gcuirfí chun cinn nó lena n-éascófaí cur chun feidhme beartas maidir le pionós an bháis nó maidir le céastóireacht nó íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, nach bhfuil ag teacht le Treoirlínte AE ábhartha, leis an gCairt agus le coinbhinsiúin agus conarthaí idirnáisiúnta.
- (7) Chun críche an Rialacháin seo, meastar gurb iomchuí an sainmhíniú ar chéastóireacht a leagtar síos i gCoinbhinsiún 1984 na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach agus i Rún 3452 (XXX) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm. Ba cheart an sainmhíniú sin a léiriú agus an cásdlí maidir le léiriú an téarma chomhfhreagraigh sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus i dtéacsanna ábhartha arna nglacadh ag an Aontas nó ag na Ballstáit á chur san áireamh. An sainmhíniú ar “íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach” nach bhfuil le fáil sa Choinbhinsiún sin, ba cheart é a bheith i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Ba cheart, le brí an téarma “pionóis dhleathacha” atá sna sainmhínithe ar “chéastóireacht” agus ar “íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach”, beartas an Aontais maidir le pionós an bháis a chur san áireamh.

- (8) Meastar gur gá toirmeasc a chur ar onnmhairiú agus allmhairiú earraí nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil leo seachas le haghaidh phionós an bháis nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach agus toirmeasc a chur ar sholáthar cúnaimh theicniúil a bhaineann le hearraí den sórt sin .
- (9) I gcás ina bhfuil earraí den sórt sin suite i dtríú tíortha, is gá toirmeasc a chur ar bhróicéirí atá san Aontas seirbhísí bróicéireachta a sholáthar i ndáil le hearraí den sórt sin.
- (10) Chun tacú le deireadh a chur le pionós an bháis i dtríú tíortha agus chun céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a chosc, meastar gur gá toirmeasc a chur ar sholáthar cúnaimh theicniúil do thríú tíortha maidir le hearraí nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil leo seachas le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.
- (11) Is iomchuí freisin bróicéirí agus soláthróirí cúnaimh theicniúil a thoirmeasc ó oiliúint faoi úsáid na n-earraí sin a sholáthar do thríú tíortha agus cur chun cinn earraí den sórt sin in aontaí nó i dtaispeántais trádála san Aontas, agus díol agus ceannach spáis sna meáin chlóite nó ar an Idirlíon agus díol agus ceannach ama fógraíochta ar an teilifís nó ar an raidió i ndáil leis na hearraí sin a thoirmeasc.
- (12) Chun cosc a chur le hoibreoirí eacnamaíocha sochair a bhaint as earraí a iompar arb earraí iad atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach agus a théann trí chríoch custaim an Aontais ar a slí chuig tríú tír , is gá iompar na n-earraí sin a thoirmeasc laistigh den Aontas má liostaítear iad in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

- (13) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann bearta a chur i bhfeidhm lena srianfar soláthar seirbhísí áirithe i ndáil leis na hearraí nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil ag baint leis seachas ar mhaithe le pionós na bháis nó ar mhaithe le híde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, i gcomhréir le rialacha an Aontais is infheidhme.
- (14) Leagtar síos leis an Rialachán seo córas údairithe onnmhairiúcháin atá ceaptha úsáid earraí áirithe le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh phionós an bháis, íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a chosc.
- (15) Is gá, dá bhrí sin, rialuithe a fhorchur ar onnmhairiú earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid ní hamháin le haghaidh céastóireachta agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, ach le haghaidh cuspóirí dlisteanacha freisin. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialuithe sin maidir le hearraí a úsáidtear go príomha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus, ach amháin má léirítear go bhfuil na rialuithe sin díréireach, maidir le haon trealamh nó táirge eile a d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint as le haghaidh céastóireachta agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, agus aird a thabhairt ar a dhearadh agus a ghnéithe teicniúla.

- (16) Maidir le trealamh forfheidhmithe dlí, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear le hAirteagal 3 den Chód Iompraíochta d'Oifigigh um Fhorfheidhmiú an Dlí¹ nach bhféadfaidh oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí forneart a úsáid ach amháin nuair is fíorghá sin agus a mhéid is gá chun a ndualgas a dhéanamh. Foráiltear le Prionsabail Bhunúsacha maidir le hÚsáid Fornirt agus maidir le hÚsáid Arm Tine ag Oifigigh um Fhorfheidhmiú an Dlí, arna nglacadh ag Ochtú Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Coireacht a Chosc agus Cóireáil Ciontóirí in 1990 gur cheart d'oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí, a mhéid is féidir, modhanna neamhfhoréigeanacha a úsáid chun a ndualgas a dhéanamh roimh dóibh forneart agus airm thine a úsáid.
- (17) Ina fhianaise sin, moltar leis na Prionsabail Bhunúsacha airm neamh-mharfacha éagumasúcháin a fhorbairt lena n-úsáid i gcásanna iomchuí ach aithnítear, ag an am céanna, gur cheart an úsáid a bhaintear as airm den sórt sin a rialú go cúramach. Sa chomhthéacs sin, modhnaíodh trealamh áirithe a úsáideann póilíní de ghnáth le haghaidh féinchosanta agus le haghaidh smachtú círéibe ionas go bhféadtar é a úsáid chun turraingí leictreacha agus substaintí ceimiceacha a thabhairt do dhaoine chun iad a éagumasú. Léirítear go mbaintear mí-úsáid as airm den sórt sin i roinnt tíortha le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhonna nó táireach.
- (18) Leis na Prionsabail Bhunúsacha, aibhsítear gur cheart trealamh féinchosanta a bheith ag oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí. Ar an ábhar sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le gnáth-threalamh féinchosanta a thrádáil, amhail sciatha.
- (19) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le trádáil substaintí ceimiceacha áirithe a úsáidtear chun daoine a éagumasú.

¹ Rún 34/169 an 17 Nollaig 1979 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

- (20) Maidir le geimhle cos, cuibhrigh bhuíne agus geimhle agus glais, ba cheart a mheabhrú go bhforáiltear le hAirteagal 33 de Rialacha Íosta na Náisiún Aontaithe maidir le Cóireáil Príosúnach¹ nár cheart riamh gléasanna srianta a úsáid mar phionós. Lena chois sin, ní cheart slabhraí ná geimhle a úsáid chun duine a shrianadh. Thairis sin, ba cheart aird a thabhairt go bhforáiltear le Rialacha Íosta na Náisiún Aontaithe maidir le Cóireáil Príosúnach nár cheart gléasanna srianta eile a úsáid ach amháin má tá baol éalaithe ann le linn aistrithe, ar chúiseanna leighis mar a ordóidh oifigeach liachta, nó, má theipeann ar mhodhanna eile srianta, chun cosc a chur ar phríosúnach é nó í féin nó daoine eile a ghortú, nó damáiste a dhéanamh do mhaoín.
- (21) Chun baill foirne agus daoine eile a chosaint i gcoinne caitheamh seile, uaireanta cuirtear d'iallach ar phríosúnaigh cochall frithsheile, mar a thugtar air, a chaitheamh. Toisc go gclúdaíonn cochall den sórt sin an béal agus go minic an tsrón freisin, tá baol aisfiscithe ag baint leis. Má tá srianta ceangailte de, amhail glais lámh, tá baol ann go mbainfidh gortú muiníl don phríosúnach. Dá bhrí sin, ba cheart onnmhairiú cochall frithsheile a rialú.
- (22) Le cois arm iniompartha, ba cheart a áireamh ar raon feidhme na rialuithe onnmhairiúcháin airm turrainge leictirí suite nó insuite a chlúdaíonn limistéar fairsing agus a dhíríonn ar níos mó ná duine amháin. Is minic a chuirtear airm den sórt sin i láthair mar airm neamh-mharfacha, mar a thugtar orthu, ach ar an gcuid is lú tá an riosca céanna ag baint leo agus a bhaineann le hairm turrainge leictirí iniompartha drochphian nó fulaingt ghéar a chur ar dhuine.

¹ Arna bhformheas le Rúin 663 C (XXIV) an 31 Iúil 1957 agus 2076 (LXII) an 13 Bealtaine 1977 ó Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe.

- (23) Toisc go bhfuiltear ag margú gléasanna suite a scaipeann substaintí ceimiceacha greannacha agus atá ceaptha lena n-úsáid laistigh d'fhoirgneamh, agus toisc go mbaineann riosca le húsáid substaintí den sórt sin faoi dhíon go ndéanfaí drochphian nó fulaingt ghéar a chur ar dhuine de shórt nach mbíonn i gceist lena ngnáthúsáid amuigh faoin aer, ba cheart onnmhairiú trealamh den sórt sin a rialú.
- (24) Lena chois sin, ba cheart rialuithe onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm ar threalamh suite nó insuite a scaipeann substaintí éagumasúcháin nó greannacha a chlúdaíonn limistéar fairsing i gcás nach bhfuil trealamh den sórt sin faoi réir rialuithe onnmhairiúcháin i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle¹. Is minic a chuirtear trealamh den sórt sin i láthair mar theicneolaíocht neamh-mharfach, mar a thugtar air, ach ar an gcuid is lú tá an riosca céanna ag baint leis agus a bhaineann le hairm agus gléasanna iniompartha drochphian nó fulaingt ghéar a chur ar dhuine. Cé nach n-áirítear an t-uisce ar na hoibreáin cheimiceacha éagumasúcháin nó ghreannacha, féadfaidh canónacha uisce a úsáid chun oibreáin den sórt sin a scaipeadh i bhfoirm leachtach agus ba cheart a n-onnmhairiú a rialú.
- (25) Na rialuithe onnmhairiúcháin a bhaineann le capsacam oiléaroisín (OC) agus le fanailealaimíd aigéid pheileargónaigh (PAVA), ba cheart iad a fhorlíonadh le rialuithe onnmhairiúcháin ar mheascáin áirithe ina bhfuil na substaintí sin is féidir a chur i bhfeidhm amhlaidh mar oibreáin éagumasúcháin nó mar oibreáin ghreannacha nó is féidir a úsáid chun oibreáin den sórt sin a mhonarú. I gcás inarb iomchuí, ba cheart tagairtí d'oibreáin cheimiceacha éagumasúcháin nó ghreannacha a fhorléiriú mar thagairtí lena gcuimsítear capsacam oiléaroisín agus na meascáin ábhartha a bhfuil sé iontu.

¹ Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealamh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

- (26) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le díolúintí sonracha ó na rialuithe onnmhairiúcháin chun nach gcuirfí bac ar fheidhmiú fhórsaí póilíneachta na mBallstát agus ar fhorghníomhú oibríochtaí síochánaíochta agus bainistithe géarchéime.
- (27) Ag cur san áireamh go bhfuil roinnt Ballstát tar éis onnmhairiú agus allmhairiú earraí den sórt sin a thoirmeasc cheana féin, is iomchuí an ceart a thabhairt do na Ballstáit onnmhairiú agus allmhairiú geimhle cos, cuibhreach buíne agus gléasanna turrainge leictirí iniompartha, seachas criosanna turrainge leictirí, a thoirmeasc. Ba cheart an chumhacht a thabhairt do na Ballstáit freisin rialuithe onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm ar ghlais lámh ag a bhfuil lántoise, lena n-áirítear slabhra, is faide ná 240 mm agus iad glasáilte, más mian leo sin a dhéanamh.
- (28) Chun an t-ualach riaracháin ar onnmhaireoirí a theorannú, ba cheart cead a bheith ag na húdaráis inniúla údarú foriomlán a thabhairt d'onnmhaireoir i leith earraí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo chun úsáid na n-earraí ábhartha le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhonna nó táireach a chosc.
- (29) I gcásanna áirithe, atreoraíodh táirgí íocshláinte a onnmhairíodh chuig tríú tíortha agus úsáideadh le haghaidh phionós an bháis iad, go háirithe trí ródháileog mharfach a thabhairt le hinstealladh. Tá an tAontas i gcoinne phionós an bháis i ngach aon chúinse agus oibríonn sé chun deireadh a chur leis go huile is go hiomlán. Is miste do na honnmhaireoirí a bheith bainteach dá n-ainneoin le húsáid den sórt sin de na táirgí atá forbartha acu le haghaidh úsáid mhíochaine.

- (30) Is gá, dá bhrí sin, rialuithe a fhorchur ar onnmhairiú earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis chun cosc a chur le húsáid táirgí íocshláinte áirithe chun na críche sin agus chun a áirithiú go bhfuil onnmhaireoirí táirgí íocshláinte uile an Aontais faoi réir coinníollacha aonfhoirmeacha ina leith sin. Forbraíodh na táirgí íocshláinte ábhartha le haghaidh, inter alia, ainéistéise agus támhaithe.
- (31) Níor cheart an córas údaraithe onnmhairiúcháin dul thar a bhfuil comhréireach. Níor cheart, dá bhrí sin, cosc a bheith ann ar onnmhairiú táirgí íocshláinte a úsáidtear chun críocha dlisteanacha teiripe.
- (32) Maidir le liosta na n-earraí a n-éilítear údarú lena n-onnmhairiú d'fhonn cosc a chur na hearraí sin a úsáid le haghaidh phionóis an bháis, níor cheart go n-áireofaí air ach earraí a úsáideadh le haghaidh phionós an bháis i dtríú tír nach bhfuil pionós an bháis díothaithe aige, agus earraí a ndearna aon tríú tír den sórt sin a n-úsáid le haghaidh phionós an bháis a fhormheas, gan iad a bheith úsáidte chun na críche sin fós. Níor cheart go n-áireofaí ar an liosta sin earraí nach bhfuil fíor-riachtanach chun duine ciontaithe a chur chun báis, amhail troscán caighdeánach a d'fhéadfaí a fháil i seomra an chur chun báis.

- (33) De bharr na ndifríochtaí idir pionós an bháis, ar lámh amháin, agus saintréithe céastóireachta agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach ar an lámh eile, is iomchuí córas sonrach údaráithe onnmhairiúcháin a leagan síos d'fhonn cosc a chur ar úsáid earraí áirithe le haghaidh phionós an bháis. Ba cheart a chur san áireamh sa chóras sin gur chuir roinnt tíortha deireadh le pionós an bháis i gcás gach coire agus gur thug siad gealltanais ar an leibhéal idirnáisiúnta i leith na saincheiste sin. Ó tá baol ann go n-ath-onnmhaireofar earraí chuig tíortha nach ndearna amhlaidh, ba cheart coinníollacha áirithe agus ceanglais áirithe a fhorchur i gcás ina n-údaráítear onnmhairiú chuig tíortha a chuir deireadh le pionós an bháis. Is iomchuí, ar an ábhar sin, údarú onnmhairiúcháin ginearálta a thabhairt i leith onnmhairiú go dtí na tíortha sin a bhfuil pionós an bháis díothaithe acu i gcás gach coire agus a bhfuil an díothú sin deimhnithe acu trí ghealltanais idirnáisiúnta.
- (34) Mura bhfuil pionós an bháis díothaithe ag tír i gcás gach coire agus an díothú sin deimhnithe trí ghealltanais idirnáisiúnta, ba cheart do na húdaráis inniúla, agus iad ag scrúdú iarrata ar údarú onnmhairiúcháin, a sheiceáil an bhfuil baol ann go n-úsáidfídh an t-úsáideoir deiridh sa tír is ceann scríbe na hearraí a onnmhairíodh le haghaidh an phionóis sin. Ba cheart coinníollacha iomchuí agus ceanglais iomchuí a leagan síos chun rialú a dhéanamh ar dhíolacháin le tríú páirtithe nó ar aistrithe chucu a dhéanann an t-úsáideoir deiridh. Má sheoltar il-lastais idir an t-onnmhaireoir agus an t-úsáideoir deiridh céanna, ba cheart cead a bheith ag na húdaráis inniúla stádas an úsáideora deiridh a athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil, mar shampla gach sé mhí, seachas gach uair a thabharfar údarú onnmhairiúcháin le haghaidh lastais, gan dochar do cheart na n-údarás inniúil údarú onnmhairiúcháin a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má tá údar leis sin.

- (35) Chun an t-ualach riaracháin ar onnmhaireoirí a theorannú, ba cheart cead a bheith ag na húdaráis inniúla údarú foriomlán a thabhairt d'onnmhaireoir i leith na lastas táirgí íocshláinte uile a sheoltar ón onnmhaireoir chuig úsáideoir deiridh sonrach do thréimhse shocraithe, údarú ina sonrófar, nuair is gá, cainníocht sonraithe a fhreagraíonn don ghnáthúsáid a bhaineann an t-úsáideoir deiridh as earraí den sórt sin. Ba cheart an t-údarú sin a bheith bailí go ceann idir bliain amháin agus trí bliana, agus an fhéidearthacht ann é sin a fhadú suas go dtí dhá bhliain.
- (36) Lena chois sin, b'iomchuí údarú foriomlán a thabhairt i gcás ina bhfuil sé i gceist ag monaróir táirgí íocshláinte a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a onnmhairiú chuig dáileoir i dtír nár chuir deireadh le pionós an bháis, ar choinníoll go bhfuil comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí tugtha i gcrích idir an t-onnmhaireoir agus an dáileoir ina bhfuil sé ceangailte go gcuirfidh an dáileoir tacar beart iomchuí i bhfeidhm lena n-áiritheofar nach n-úsáidfear na táirgí íocshláinte sin le haghaidh phionós an bháis.
- (37) Féadfaidh táirgí íocshláinte a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a bheith faoi réir rialuithe i gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha, amhail Coinbhinsiún 1971 maidir le Substaintí Síceatrópacha. Ós rud é nach gcuirtear na rialuithe sin i bhfeidhm chun cosc a chur ar úsáid na dtáirgí íocshláinte ábhartha le haghaidh phionós an bháis ach chun gáinneáil aindleathach drugaí a chosc, ba cheart na rialuithe onnmhairiúcháin atá leagtha síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm chomh maith leis na rialuithe idirnáisiúnta sin. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh, áfach, nós imeachta aonair a úsáid chun an dá chóras rialaithe a chur i bhfeidhm.

- (38) Níor cheart feidhm a bheith ag na rialuithe ar onnmhairiú a dhéantar i gcomhréir leis an Rialachán seo maidir le hearraí a rialaítear a n-onnmhairiú i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CFSP, Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle¹ agus Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².
- (39) Ba cheart soláthar seirbhísí bróicéireachta agus soláthar cúnamh teicniúil i ndáil leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III nó in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith faoi réir údarú a fháil roimh ré chun cosc a chur leis na seirbhísí bróicéireachta nó an cúnamh teicniúil a bheith ag rannchuidiú le húsáid na n-earraí lena mbaineann siad chun críche phionós an bháis, céastóireachta nó íde nó pionós eile atá cruálach, mídhonna nó táireach.
- (40) Maidir leis na seirbhísí bróicéireachta agus an cúnamh teicniúil a chuirtear faoi réir údarú roimh ré leis an Rialachán seo, ba cheart gurbh iad sin na seirbhísí agus an cúnamh a sholáthraítear ó laistigh den Aontas, is é sin ó chríocha laistigh de raon feidhme críochach na gConarthaí, lena n-áirítear an t-aerspás agus aon aerárthach nó soitheach faoi dhlínse Ballstáit.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras (IO L 134, 29.5.2009, lch 1).

² Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear údarú onnmhairithe, agus bearta allmhairithe agus idirthurais, le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

- (41) Le linn dóibh soláthar an chúnamh teicniúil a bhaineann leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a údarú, ba cheart do na húdaráis inniúla féachaint lena áirithiú go ndéanfar an cúnamh teicniúil agus aon oiliúint maidir le húsáid na n-earraí sin a sholáthrófaí nó a thairgfí i gcomhar leis an gcúnamh teicniúil a n-iarrfar an t-údarú ina leith, a sholáthar ar bhealach ina gcuirfidh sé chun cinn caighdeáin um fhorfheidhmiú an dlí a urramóidh cearta an duine agus a rannchuideoidh le céastóireacht nó le híde nó le pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a chosc.
- (42) Chun cosc a chur le hoibreoirí eacnamaíocha sochair a bhaint as earraí a iompar a théann trí chríoch custaim an Aontais ar a slí chuig tríú tír, arb earraí iad atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, is gá iompar na n-earraí sin a thoirmeasc laistigh den Aontas má liostaítear iad in Iarscríbhinn III nó in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo, ar choinníoll go bhfuil eolas ag an oibreoir eacnamaíoch faoin úsáid atá beartaithe.
- (43) Le Treoirlínte i dtaca le Beartas AE i leith tríú tíortha maidir le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, foráiltear, inter alia, go gcuirfidh na Cinn Mhisin i dtríú tíortha ina dtuarascálacha tréimhsiúla anailís ar chéastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a dhéantar sa Stát ina bhfuil siad creidiúnaithe, agus na bearta a dhéantar chun iad a chomhrac. Is iomchuí go gcuirfeadh na húdaráis inniúla san áireamh na tuarascálacha sin agus tuarascálacha cosúla a dhéanann eagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus de chuid na sochaí shibhialta agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le hiarrataí ar údaruithe. Ba cheart cur síos a dhéanamh sna tuarascálacha sin freisin ar aon trealamh a úsáidtear i dtríú tíortha ar mhaithe le pionós an bháis nó ar mhaithe le híde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

- (44) Cé gur cheart d'údaráis chustaim faisnéis áirithe a roinnt le húdaráis chustaim eile agus an córas bainistithe riosca custaim á úsáid acu i gcomhréir le reachtaíocht chustaim an Aontais, ba cheart do na húdaráis inniúla dá dtagraítear sa Rialachán seo faisnéis áirithe a roinnt le húdaráis inniúla eile. Is iomchuí a éileamh go n-úsáidfídh na húdaráis inniúla córas atá slán agus criptithe chun faisnéis a mhalartú maidir le diúltú. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún feidhmiúlacht nua a chur ar fáil sa chóras atá ann cheana a cuireadh ar bun de bhun Airteagal 19(4) de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009.
- (45) A mhéid a bhaineann sí nó sé le sonraí pearsanta, ba cheart próiseáil agus malartú faisnéise a dhéanamh de réir na rialacha is infheidhme maidir le próiseáil agus malartú sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².

¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

² Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (46) Chun go nglacfaí na forálacha is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar Iarscríbhinní I go IX a ghabhann leis an Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

¹ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (47) Chun a lamháil don Aontas freagairt go tapa nuair a fhorbraítear earraí nua a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, agus i gcás ina bhfuil baol soiléir agus láithreach ann go n-úsáidfear na hearraí sin chun críoch a mbeidh na droch-úsáidí ar chearta an duine ag baint leo, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an ngníomh ábhartha ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm láithreach, má tá, i gcás leasú ar Iarscríbhinn II nó III a ghabhann leis an Rialachán seo, mórphorais práinne ann an leasú sin a dhéanamh. Chun a lamháil don Aontas freagairt go tapa nuair a dhéanann tríú tír amháin nó níos mó earraí áirithe a fhormheas le haghaidh phionós an bháis nó nuair a ghlacann siad le gealltanais idirnáisiúnta chun pionós an bháis a chur ar ceal do gach coir, nó nuair a dhéanann sí nó siad an gealltanais idirnáisiúnta sin a shárú, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm láithreach an ghnímh ábhartha de chuid an Choimisiúin, i gcás ina ndéantar leasú ar Iarscríbhinn IV nó V a ghabhann leis an Rialachán seo, más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórphorais práinne. I gcás ina leantar an nós imeachta práinne, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe.

- (48) Ba cheart grúpa comhordaithe a bhunú. Ba cheart don ghrúpa feidhmiú mar ardán do shaineolaithe na mBallstát agus don Choimisiún chun faisnéis a mhalartú maidir le cleachtais riaracháin agus chun ceisteanna maidir le léiriú an Rialacháin seo, saincheisteanna teicniúla maidir leis na hearraí a liostaítear, forbairtí a bhaineann leis an Rialachán seo agus aon cheisteanna eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn a phlé. Ba cheart don ghrúpa, go háirithe, a bheith in ann saincheisteanna a bhaineann le cineál agus le héifeacht bheartaithe na n-earraí, infhaighteacht na n-earraí i dtríú tíortha agus an cheist i dtaobh an ndéantar earraí a dhearadh nó a mhodhnú go sonrach le haghaidh phionós an bháis nó le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a phlé. Má chinneann an Coimisiún dul i gcomhairle leis an ngrúpa agus gníomhartha tarmlichte á n-ullmhú aige, ba cheart dó déanamh amhlaidh i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
- (49) Ní sholáthraíonn an Coimisiún trealamh chun críocha fhorfheidhmiú an dlí ós rud é nach bhfuil sé freagrach as an ord poiblí a chaomhnú, as cúrsaí coireachta ná as cinntí breithiúnacha in ábhair choiriúla. Dá bhrí sin, ba cheart nós imeachta a bhunú chun a áirithiú go bhfaighidh an Coimisiún faisnéis faoi threalamh forfheidhmithe dlí nach bhfuil liostaithe agus faoi tháirgí a chuirtear ar an margadh san Aontas chun a áirithiú go nuashonrófar na liostaí d'earraí a dtoirmiscear iad a thrádáil nó a bhfuil trádáil iontu faoi rialú chun forbairtí nua a chur san áireamh. Nuair a bheidh a iarraidh á díriú chuig an gCoimisiún aige, ba cheart don Bhallstát iarrthach a iarraidh chun earraí a chur isteach in Iarscríbhinn II, in Iarscríbhinn III nó in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a chur ar aghaidh chuig Ballstáit eile.

- (50) Le bearta an Rialacháin seo, tá sé i gceist pionós an bháis mar aon le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a chosc i dtríú tíortha. Is éard atá sna bearta ná srianta maidir le trádáil le tríú tíortha a mhéid a bhaineann le hearraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis agus le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Ní mheastar gur gá rialuithe ar an dul céanna a chur ar bun maidir le hidirbhearta laistigh den Aontas toisc nach ann do phionós an bháis sna Ballstáit agus beidh bearta iomchuí glactha ag na Ballstáit chun céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a chosc agus a thoirmeasc.
- (51) D'fhonn bearta éifeachtacha a dhéanamh i gcoinne céastóireachta agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, sonraítear sna Treoirlínte i dtaca le Beartas AE i leith tríú tíortha maidir le céastóireacht nó íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach gur cheart bearta a ghlacadh chun úsáid, táirgeadh agus trádáil trealaimh a chosc, ar trealamh é atá ceaptha chun céastóireacht a dhéanamh nó chun íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a ghearradh. Is faoi na Ballstáit atá sé na srianta is gá a fhorchur agus a fhorfheidhmiú maidir le húsáid agus táirgeadh trealaimh den sórt sin.
- (52) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a chéile a chur ar an eolas faoi na bearta a ghlactar faoin Rialachán seo agus faoi fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh i dtaobh an Rialacháin seo.
- (53) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Ábhar agus sainmhínithe

Airteagal 1

Ábhar

Tá leagtha síos sa Rialachán seo rialacha de chuid an Aontais lena rialaítear trádáil le tríú tíortha a mhéid a bhaineann le hearraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, agus na rialacha lena rialaítear soláthar seirbhísí bróicéireachta, cúnaimh theicniúil, oiliúna agus fógraíochta a bhaineann le hearraí den sórt sin.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

- (a) ciallaíonn “céastóireacht” aon bheart lena gcuirtear pian léanmhar nó fulaingt léanmhar, baineadh sé leis an gcolainn nó leis an intinn, ar dhuine d’aon turas chun críoch amhail faisnéis nó admháil a bhaint as an duine sin nó as tríú duine, pionós a chur ar an duine sin mar gheall ar ghníomh a rinne an duine sin nó a rinne tríú duine nó a bhfuil amhras go ndearna an duine sin nó tríú duine, nó imeaglú nó comhéigniú a dhéanamh ar an duine sin nó ar thríú duine, nó ar aon chúis atá bunaithe ar idirdhealú d’aon chineál, nuair is oifigeach poiblí nó duine eile atá ag gníomhú i gcáil oifigiúil a chuireann an phian sin nó an fhulaingt sin ar dhuine, nó a chuireann faoi deara é a dhéanamh, nó má dhéantar le cead nó le toiliú oifigigh phoiblí nó duine eile atá ag gníomhú i gcáil oifigiúil é. Ní áirítear le céastóireacht, áfach, pian nó fulaingt a éiríonn ó phionóis dhleathacha amháin, bíodh sin ina ghné dhílis nó ina ghné theagmhasach de na pionóis sin. Ní mheastar pionós an bháis a bheith ina phionós dleathach in imthosca ar bith;
- (b) ciallaíonn “íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach” aon ghníomh lena gcuirtear pian nó fulaingt lena ngabhann leibhéal íosta de léan, baineadh sé leis an gcolainn nó leis an intinn, ar dhuine nuair is oifigeach poiblí nó duine eile atá ag gníomhú i gcáil oifigiúil a chuireann an phian sin nó an fhulaingt sin ar dhuine, nó a chuireann faoi deara é a dhéanamh. Ní áirítear le céastóireacht, áfach, pian nó fulaingt a éiríonn ó phionóis dhleathacha amháin, bíodh sin ina ghné dhílis nó ina ghné theagmhasach de na pionóis sin. Ní mheastar pionós an bháis a bheith ina phionós dleathach in imthosca ar bith;

- (c) ciallaíonn “údarás um fhorfheidhmiú an dlí” aon údarás atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú, a chomhrac agus a phionósú, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, na póilíní, ionchúisitheoir ar bith, údarás breithiúnach ar bith, údarás príosúin poiblí nó príobháideach ar bith agus, i gcás inarb iomchuí, aon cheann d’fhórsaí slándála nó d’údaráis mhíleata stáit;
- (d) ciallaíonn “onnmhairiú” tabhairt amach earraí ó chríoch chustaim an Aontais, lena n-áirítear imeacht earraí a n-éilítear dearbhú custaim ina leith agus imeacht earraí i ndiaidh a stórála i saorchrios de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;
- (e) ciallaíonn “allmhairiú” aon tabhairt isteach earraí i gcríoch chustaim an Aontais, lena n-áirítear stóráil shealadach, cur i saorchrios, cur faoi nós imeachta speisialta agus scaoileadh i saorchúrsaíocht de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;
- (f) ciallaíonn “cúnamh teicniúil” aon chúnamh teicniúil maidir le deisiúcháin, forbairt, monaraíocht, tástáil, cothabháil, cóimeáil nó aon seirbhís theicniúil eile, agus d’fhéadfadh sé gur i bhfoirm teoraithe, comhairle, oiliúna, tarchuir eolais oibre nó scileanna nó seirbhísí comhairliúcháin a bheadh an cúnamh teicniúil sin. Cuimsíonn cúnamh teicniúil cúnamh a thugtar ó bhéal agus cúnamh a chuirtear ar fáil i bhfoirm leictreonach;

¹ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

- (g) ciallaíonn “músaem” institiúid neamhbhrabúsach bhuan a fheidhmíonn i seirbhís na sochaí agus a forbartha, ar institiúid í atá oscailte don phobal agus a dhéanann fianaise ábhartha den duine agus dá thimpeallacht a fháil, a chaomhnú, a léiriú agus a chur ar taispeánt, agus a dhéanann taighde ar an bhfianaise sin, chun críocha staidéir, oideachais agus pléisiúir;
- (h) ciallaíonn “údarás inniúil” údarás de chuid ceann de na Ballstáit, mar atá liostaithe in Iarscríbhinn I, atá i dteideal, i gcomhréir le hAirteagal 20, cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar údarú nó atá i dteideal onnmhaireoir a thoirmeasc ó úsáid a bhaint as údarú ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas;
- (i) ciallaíonn “iarratasóir”:
- (1) an t-onnmhaireoir, i gcás onnmhairiú dá dtagraítear in Airteagal 3, 11 nó 16;
 - (2) an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht a iompraíonn na hearraí laistigh de chríoch chustaim an Aontais, i gcás idirthuras dá dtagraítear in Airteagal 5;
 - (3) soláthróir an chúnaimh theicniúil, i gcás soláthairtí cúnaimh theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 3;
 - (4) an músaem a chuirfidh na hearraí ar taispeánt, i gcás allmhairí agus soláthairtí cúnaimh theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 4;
 - (5) soláthróir an chúnaimh theicniúil nó an bróicéir, i gcás soláthairtí cúnaimh theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 15 nó seirbhísí bróicéireachta dá dtagraítear in Airteagal 19;

- (j) ciallaíonn “críoch chustaim an Aontais” an chríoch mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;
- (k) ciallaíonn “seirbhísí bróicéireachta”:
 - (1) caibidlíocht nó socrú idirbheart chun earraí ábhartha ó thríú tír go haon tríú tír eile a cheannach, a dhíol nó a sholáthar, nó
 - (2) earraí ábhartha atá suite i dtríú tír a dhíol nó a cheannach chun iad a aistriú go tríú tír eile.

Chun críocha an Rialacháin seo, níl soláthar seirbhísí coimhdeacha, agus an méid sin amháin, san áireamh sa sainmhíniú seo. Is é is seirbhísí coimhdeacha ann ná iompar, seirbhísí airgeadais, árachas nó ath-árachas, nó fógraíocht ghinearálta nó cur chun cinn;

- (l) ciallaíonn “bróicéir” aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, lena n-áirítear comhpháirtíocht ar a bhfuil cónaí nó atá bunaithe i mBallstát agus a sholáthraíonn seirbhísí mar a shainmhínítear i bpointe (k) ó laistigh den Aontas; aon duine nádúrtha ag a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit, is cuma cá bhfuil cónaí ar an duine sin, agus a sholáthraíonn na seirbhísí sin ó laistigh den Aontas; agus aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, is cuma cá bhfuil sé bunaithe, agus a sholáthraíonn na seirbhísí sin ó laistigh den Aontas;

- (m) ciallaíonn “soláthróir cúnamh theicniúil” aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, lena n-áirítear comhpháirtíocht ar a bhfuil cónaí nó atá bunaithe i mBallstát agus a sholáthraíonn cúnamh teicniúil mar a shainmhínítear i bpointe (f) ó laistigh den Aontas; aon duine nádúrtha ag a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit, is cuma cá bhfuil cónaí ar an duine sin, agus a sholáthraíonn an cúnamh sin ó laistigh den Aontas; agus aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, is cuma cá bhfuil sé bunaithe, agus a sholáthraíonn an cúnamh sin ó laistigh den Aontas;
- (n) ciallaíonn “onnmhaiseoir” duine nádúrtha nó dlíthiúil, eintiteas nó comhlacht, lena n-áirítear comhpháirtíocht, a ndéantar dearbhú onnmhairiúcháin thar a cheann, is é sin le rá an duine, eintiteas nó comhlacht a bhfuil an Conradh aige leis an gcoinsíní sa tríú tír lena mbaineann an tráth a ghltar leis an dearbhú onnmhairiúcháin, agus a bhfuil an chumhacht is gá aige chun cinneadh a dhéanamh go seolfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais. Más rud é nach bhfuil aon chonradh den sórt sin tugtha i gcrích nó nach ngníomhaíonn sealbhóir an chonartha thar a cheann féin, ciallaíonn an t-onnmhaiseoir an duine, eintiteas nó comhlacht a bhfuil an chumhacht is gá aige chun cinneadh a dhéanamh go seolfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais. Maidir le tairbhiú den cheart na hearraí a dhiúscairt, i gcás inar le duine, eintiteas nó comhlacht ar a bhfuil cónaí lasmuigh den Aontas nó atá bunaithe lasmuigh den Aontas é de bhun an chonartha sin, measfar gurb é an páirtí conarthach ar a bhfuil cónaí san Aontas nó atá bunaithe san Aontas an t-onnmhaiseoir;
- (o) ciallaíonn “Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas” údarú le haghaidh onnmhairiúcháin mar a shainmhínítear faoi phointe (d) go tíortha áirithe atá ar fáil ag na honnmhaiseoirí uile a chomhlíonann na coinníollacha agus na ceanglais atá ann maidir lena úsáid de réir mar a liostaítear in Iarscríbhinn V;

- (p) ciallaíonn “údarú aonair” údarú a thugtar:
- (1) d’aon onnmhaiseoir sonrath amháin le haghaidh onnmhaiseoir mar a shainmhínítear faoi phointe (d) chuig aon úsáideoir deiridh amháin nó chuig aon choinsíní amháin i dtríú tír agus lena gcumhdaítear aon earra amháin nó níos mó;
 - (2) do bhróicéir sonrath amháin le haghaidh soláthar seirbhísí bróicéireachta mar a shainmhínítear faoi phointe (k) chuig aon úsáideoir deiridh amháin nó chuig aon choinsíní amháin i dtríú tír agus lena gcumhdaítear aon earra amháin nó níos mó; nó
 - (3) do dhuine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a iompraíonn earraí laistigh de chríoch chustaim an Aontais le haghaidh idirthuras mar a shainmhínítear faoi phointe (s);
- (q) ciallaíonn “údarú foriomlán” údarú a thugtar d’aon onnmhaiseoir nó bróicéir sonrath amháin i leith earraí den chineál a liostaítear in Iarscríbhinn III nó in Iarscríbhinn IV, agus a fhéadfaidh a bheith bailí le haghaidh:
- (1) onnmhaiseoir mar a shainmhínítear faoi phointe (d) chuig úsáideoir deiridh sonraithe amháin nó níos mó i gceann amháin nó níos mó de thríú tíortha sonraithe;
 - (2) onnmhaiseoir mar a shainmhínítear faoi phointe (d) chuig dáileoir sonraithe amháin nó níos mó i gceann amháin nó níos mó de thríú tíortha sonraithe, i gcás inar monaróir earraí atá ar áireamh i bpointe 3.2 nó 3.3 d’Iarscríbhinn III nó i Roinn 1 d’Iarscríbhinn IV an t-onnmhaiseoir;
 - (3) soláthar seirbhísí bróicéireachta a bhaineann le haistrithe earraí atá suite i dtríú tír go dtí úsáideoir deiridh sonraithe amháin nó níos mó i gceann amháin nó níos mó de thríú tíortha sonraithe;

- (4) soláthar seirbhísí bróicéireachta a bhaineann le haistriú earraí atá suite i dtríú tír go dtí dáileoir sonraithe amháin nó níos mó i gceann amháin nó níos mó de thríú tíortha sonraithe i gcás inar monaróir earraí atá ar áireamh i bpointe 3.2 nó 3.3 d'Iarscríbhinn III nó i Roinn 1 d'Iarscríbhinn IV an bróicéir;
- (r) ciallaíonn “dáileoir” oibreoir eacnamaíoch a dhéanann gníomhaíochtaí mórdhíola i ndáil leis na hearraí a liostaítear i bpointe 3.2 nó 3.3. d'Iarscríbhinn III nó i Roinn 1 d'Iarscríbhinn IV, amhail na hearraí sin a fháil ó mhonaróirí nó na hearraí sin a choinneáil, a sholáthar nó a onnmhairiú; ní áirítear ar ghníomhaíochtaí mórdhíola na n-earraí sin soláthar a dhéanann ospidéal, cógaiseoir nó gairmí leighis chun na hearraí sin a chur ar fáil don phobal agus chun na críche sin amháin;
- (s) ciallaíonn “idirthuras” earraí neamh-Aontais a iompar laistigh de chríoch chustaim an Aontais, ar earraí iad a théann trí chríoch chustaim an Aontais ach a bhfuil a gceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais.

CAIBIDIL II

**Earraí nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil leo
seachas ar mhaithe le pionós an bháis
nó ar mhaithe le híde nó pionós eile atá cruálach,
mídhaonna nó táireach**

Airteagal 3

Toirmeasc onnmhairiúcháin

1. Aon onnmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, déanfar é a thoirmeasc gan beann ar áit tionscnaimh na n-earraí sin.

Is é a bheidh in Iarscríbhinn II earraí nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil ag baint leo seachas ar mhaithe le pionós an bháis nó ar mhaithe le híde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

Toirmeascfar ar sholáthróir cúnaimh theicniúil cúnamh teicniúil a bhaineann leis an hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a sholáthar d'aon duine, eintiteas nó comhlacht i dtríú tír, bíodh sin ar chomaoín nó gan a bheith ar chomaoín.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an t-údarás inniúil onnmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, agus soláthar cúnaimh theicniúil a bhaineann leo, a údarú más rud é go léirítear go ndéanfar na hearraí sin a úsáid ar mhaithe le taispeáint phoiblí i músaem sa tír a n-onnmhaireofar na hearraí chuici, i bhfianaise na tábhachta stairiúla a bhaineann leo, agus chun na críche sin amháin.

Airteagal 4

Toirmeasc allmhairiúcháin

1. I gcás aon allmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, déanfar é a thoirmeasc, gan beann ar áit tionscnaimh na n-earraí sin.

Toirmeasctar ar dhuine, eintiteas nó comhlacht san Aontas glacadh le cúnamh teicniúil a bhaineann le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II arna sholáthar ag aon duine, eintiteas nó comhlacht ó thríú tír, bíodh sin ar chomaoín nó gan a bheith ar chomaoín.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an t-údarás inniúil allmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, agus soláthar cúnaimh theicniúil a bhaineann leo, a údarú más rud é go léirítear go ndéanfar na hearraí sin a úsáid ar mhaithe le taispeáint phoiblí i músaem sa Bhallstát cinn scríbe, i bhfianaise na tábhachta stairiúla a bhaineann leo, agus chun na críche sin amháin.

Airteagal 5
Idirthuras a thoirmeasc

1. Déanfar aon idirthuras earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a thoirmeasc.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an t-údarás inniúil idirthuras earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a údarú más rud é go léirítear go ndéanfar, sa tír is ceann scríbe, na hearraí sin a úsáid ar mhaithe le taispeáint phoiblí i músaem i bhfianaise na tábhachta stairiúla a bhaineann leo, agus chun na críche sin amháin.

Airteagal 6
Toirmeasc ar sheirbhísí bróicéireachta

Beidh toirmeasc ar bhróicéir seirbhísí bróicéireachta a sholáthar d'aon duine, d'aon eintiteas nó d'aon chomhlacht i dtríú tír i ndáil le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, gan beann ar áit tionscnaimh na n-earraí sin.

Airteagal 7
Toirmeasc ar oiliúint

Beidh toirmeasc ar sholáthróir cúnaimh theicniúil nó ar bhróicéir oiliúint in úsáid na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a sholáthar nó a thairiscint d'aon duine, d'aon eintiteas nó d'aon chomhlacht i dtríú tír.

Airteagal 8
Aontaí trádála

Toirmeascfar ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach, ar aon eintiteas nó ar aon chomhlacht, lena n-áirítear comhpháirtíocht, bíodh cónaí air nó bíodh sé bunaithe i mBallstát nó ná bíodh, aon cheann de na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a chur ar taispeáint nó a thairiscint le díol in aon taispeántas nó aonach a bhíonn ar siúl san Aontas, mura rud é go mbeidh sé léirithe, i bhfianaise nádúr an taispeántais nó an aonaigh, nach bhfuil an taispeántas nó an tairiscint le díol sin ina shiocair le díol nó soláthar na n-earraí ábhartha le haon duine, eintiteas nó comhlacht i dtríú tír agus nach ndéanann sé an díol nó soláthar sin a chur chun cinn.

Airteagal 9
Fógraíocht

Aon duine nádúrtha nó dlítheanach, aon eintiteas nó aon chomhlacht, lena n-áirítear comhpháirtíocht, a bhfuil cónaí air nó atá bunaithe i mBallstát agus a bhíonn ag díol nó ag ceannach spás fógraíochta nó am fógraíochta ó laistigh den Aontas, aon duine nádúrtha ag a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit agus a bhíonn ag díol nó ag ceannach spás fógraíochta nó am fógraíochta ó laistigh den Aontas, agus aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus a bhíonn ag díol nó ag ceannach spás fógraíochta nó am fógraíochta ó laistigh den Aontas, toirmeascfar air spás fógraíochta sna meáin chlóite nó ar an Idirlíon nó am fógraíochta ar an teilifís nó ar an raidió a dhíol le haon duine, le haon eintiteas nó le haon chomhlacht i dtríú tír i ndáil le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II nó an spás fógraíochta sin nó an t-am fógraíochta sin a cheannach uathu.

Airteagal 10
Bearta náisiúnta

1. Gan dochar do rialacha an Aontais is infheidhme, lena n-áirítear an toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais náisiúntachta, féadfaidh Ballstáit bearta náisiúnta a ghlacadh nó a choimeád lena sriantar iompar, seirbhísí airgeadais, árachas nó ath-árachas, nó fógraíocht ghinearálta nó cur chun cinn i ndáil le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II.
2. Aon bhearta a ghlactar de bhun mhír 1, déanfaidh na Ballstáit iad a fhógairt don Choimisiún, nó leasuithe agus aisghairmeacha orthu , sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

CAIBIDIL III

Earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach

Airteagal 11

An ceanglas maidir le húdarú onnmhairiúcháin

1. I gcás aon onnmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, beidh údarú ag teastáil ina leith, gan beann ar áit tionscnaimh na n-earraí sin. Ní bheidh aon údarú ag teastáil, áfach, i gcás earraí nach ndéantar ach iad a chur trí chríoch chustaim an Aontais, eadhon na hearraí sin nach bhfuil cóireáil nó úsáid atá formheasta ó thaobh custaim de sannta dóibh seachas an nós imeachta idirthurais sheachtraigh faoi Airteagal 226 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, lena n-áirítear stóráil earraí nach as an Aontas dóibh i saorchrios.

Is é amháin a bheidh in Iarscríbhinn III ná na hearraí seo a leanas a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach:

- (a) earraí a úsáidtear go príomha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí;
- (b) earraí a bhfuil baol ábhartha ann, agus a ndearadh agus a saintréithe teicniúil á gcur san áireamh, go n-úsáidfear iad le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

Ní bheidh na hearraí seo a leanas in Iarscríbhinn III:

- (a) airm thine a rialaítear le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012;
- (b) ítimí dé-úsáide a rialaítear le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009;
- (c) earraí a rialaítear i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le honnmhairithe chuig críocha sin na mBallstát a liostaítear in Iarscríbhinn VI agus nach cuid de chríoch chustaim an Aontais iad, ar choinníoll gurb é a úsáideann na hearraí údarás atá i gceannas ar fhorfheidhmiú an dlí sa tír nó sa chríoch chinn scríbe agus sa chuid mheitreapholaiteach den Bhallstát ar leis an chríoch sin. Beidh an ceart ag lucht custaim nó ag údaráis ábhartha eile a fhíorú an gcomhlíonfar an coinníoll sin agus féadfaidh siad a chinneadh, go dtí go bhfíorófar sin, nach ndéanfar an t-onnmhairiú.
3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le honnmhairithe chuig tríú tíortha, ar choinníoll go bhfuil na hearraí á n-úsáid ag pearsanra míleata nó sibhialta Ballstáit, má tá an pearsanra sin ag glacadh páirt i bhfeachtas síochánaíochta nó in oibríocht bainistíochta géarchéime sa tríú tír lena mbaineann nó in oibríocht atá bunaithe ar chomhaontuithe idir Ballstáit agus tríú tíortha i réimse na cosanta. Beidh an ceart ag lucht custaim nó ag údaráis ábhartha eile a fhíorú an gcomhlíonfar an coinníoll sin. Go dtí go bhfíorófar sin, ní dhéanfar an t-onnmhairiú.

Airteagal 12

Critéir maidir le húdaruithe onnmhairiúcháin a dheonú

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla na cinntí maidir le hiarratais ar údaruithe i leith earraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, á chur san áireamh dóibh na breithnithe ábhartha go léir, lena n-áirítear cibé a ndearna Ballstát eile le trí bliana anuas iarratas maidir le honnmhaire atá go bunúsach comhionann leis a dhíbhe agus cuirfidh siad san áireamh freisin breithnithe maidir leis an úsáid deiridh atá beartaithe agus an baol go n-atreorófar an t-earra.
2. Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil aon údarú a dheonú má tá foras réasúnta ann a chreidiúint go bhféadfadh sé go n-úsáidfí na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, lena n-áirítear pionós coirp breithiúnach, ag údarás um fhorfheidhmiú an dlí nó ag duine nádúrtha nó dlítheanach i dtríú tír.

Cuirfidh an t-údarás inniúil na nithe seo a leanas san áireamh:

- (a) breithiúnais idirnáisiúnta chúirte atá ar fáil;
- (b) torthaí chomhlachtaí inniúla na Náisiún Aontaithe, Chomhairle na hEorpa agus an AE, tuarascálacha ó Choiste Eorpach Chomhairle na hEorpa chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc agus ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

Féadfar faisnéis ábhartha eile, lena n-áirítear breithiúnais náisiúnta chúirte atá ar fáil, tuarascálacha nó faisnéis eile arna n-ullmhú ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus faisnéis maidir le srianta ar onnmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a chuireann an tír chinn scríbe i bhfeidhm, féadfar iad a chur san áireamh.

3. Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos sa dara fomhír agus sa tríú fomhír maidir le fíorú na húsáide deiridh atá beartaithe agus an bhaoil atreoraithe.

Má dhéanann monaróir earraí a liostaítear i bpointe 3.2 nó 3.3 d'Iarscríbhinn III údarú a iarraidh chun na hearraí sin a onnmhairiú chuig dáileoir, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar na socruithe conarthacha a bheidh déanta ag an monaróir agus ag an dáileoir agus ar na bearta atá á ndéanamh acu chun a áirithiú nach n-úsáidfear na táirgí sin ná, más infheidhme, na táirgí ina gcorprófar iad le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

Má iarrtar údarú chun earraí a liostaítear i bpointe 3.2 nó 3.3 d'Iarscríbhinn III a onnmhairiú chuig úsáideoir deiridh, féadfaidh an t-údarás inniúil, nuair a bheidh an baol atreoraithe á mheas aige, na socruithe conarthacha is infheidhme agus an ráiteas maidir le húsáid deiridh arna shíniú ag an úsáideoir deiridh, má tá ráiteas den sórt sin tugtha, a chur san áireamh. Mura mbeidh aon ráiteas maidir le húsáid deiridh tugtha, is faoin onnmhaireoir a bheidh sé a léiriú cé hé an t-úsáideoir deiridh agus cén úsáid a bhainfear as na hearraí. Má mhainníonn an t-onnmhaireoir dóthain faisnéise maidir leis an úsáideoir deiridh agus maidir leis an úsáid deiridh a thabhairt, measfar go bhfuil forais réasúnta ag an údarás inniúil a chreidiúint go bhféadfadh sé go n-úsáidfí na hearraí le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

4. Sa bhreis ar na critéir a leagtar amach i mír 1, déanfaidh an t-údarás inniúil, le linn dó iarratas ar údarú foriomlán a mheasúnú, a bhreithniú cibé an bhfuil bealaí agus nósanna imeachta atá cionmhar agus leormhaith á gcur i bhfeidhm ag an onnmhaireoir chun a áirithiú go bhfuil forálacha agus cuspóirí an Rialacháin seo, mar aon le téarmaí agus coinníollacha an údaraithe, á gcomhlíonadh.

Airteagal 13

Idirthuras a thoirmeasc

Duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, lena n-áirítear comhpháirtíocht, bíodh cónaí air nó bíodh sé bunaithe i mBallstát nó ná bíodh, toirmeascfar air idirthuras earraí a liostaítear in Iarscríbhinn III a dhéanamh más rud é go bhfuil a fhios aige go bhfuil aon chuid de sheoladh na n-earraí sin beartaithe lena húsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach i dtríú tír.

Airteagal 14

Bearta náisiúnta

1. D'ainneoin na bhforálacha in Airteagail 11 agus 12, féadfaidh Ballstát toirmeasc a chur nó a choinneáil ar onnmhairiú agus allmhairiú geimhle cos, cuibhreach buíne agus gléasanna turrainge leictirí iniompartha.
2. Féadfaidh Ballstát ceanglas údarúcháin a fhorchur ar onnmhairiú glas lámh ag a bhfuil lántoise lena n-áirítear slabhraí, arna dtomhas ó fhorimeall glais amháin go forimeall glais eile, is faide ná 240 mm agus iad glasáilte. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann Caibidlí III agus V i bhfeidhm maidir le glais lámh den sórt sin.

3. Aon bhearta a ghlacfar de bhun mhíreanna 1 agus 2, déanfaidh na Ballstáit iad a fhógairt don Choimisiún sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

Airteagal 15

Ceanglas maidir le húdarú i gcomhair seirbhísí áirithe

1. Ceanglófar údarú a fháil le haghaidh aon soláthar, ag soláthróir cúnamh teicniúil nó ag bróicéir, faoi seach, d'aon cheann de na seirbhísí seo a leanas a dhéantar d'aon duine, eintiteas nó comhlacht i dtríú tír, bíodh sin ar chomaoin nó gan a bheith ar chomaoin:
 - (a) cúnamh teicniúil a bhaineann le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, gan beann ar áit tionscnaimh na n-earraí sin; agus
 - (b) seirbhísí bróicéireachta a bhaineann le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, gan beann ar áit tionscnaimh earraí den sórt sin.
2. Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratais ar údarú chun seirbhísí bróicéireachta a sholáthar i dtaca le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 12.

Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratais ar údarú chun cúnamh teicniúil a sholáthar i dtaca le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, déanfar na critéir a leagtar amach in Airteagal 12 a chur san áireamh chun a mheasúnú:

 - (a) cibé an mbeadh an cúnamh teicniúil sin á sholáthar do dhuine, eintiteas nó comhlacht a bhféadfadh sé go mbainfeadh sé úsáid as na hearraí lena mbaineann an cúnamh teicniúil ar mhaithe le céastóireacht nó le híde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach; agus

- (b) cibé an mbeadh an cúnamh teicniúil sin á úsáid chun earraí a liostaítear in Iarscríbhinn III a dheisiú, a fhorbairt, a mhonarú, a thástáil, a chothabháil nó a chóimeáil do dhuine, eintiteas nó comhlacht a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as na hearraí dá mbaineann an cúnamh teicniúil ar mhaithe le céastóireacht nó le híde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, nó cibé an mbeadh an cúnamh teicniúil sin á sholáthar do dhuine, eintiteas nó comhlacht den sórt sin chun na críche sin.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le cúnamh teicniúil a sholáthar, más rud é

- (a) go bhfuil an cúnamh teicniúil á sholáthar ag údarás um fhorfheidhmiú an dlí i mBallstát nó ag pearsanra míleata nó sibhialta Ballstáit mar a dtugtar tuairisc orthu sa chéad abairt d'Airteagal 11(3);
- (b) gurb é atá sa chúnamh teicniúil ná faisnéis atá san fhearann poiblí a sholáthar; nó
- (c) gurb é an cúnamh teicniúil an t-íosmhéid is gá chun na hearraí sin a liostaítear in Iarscríbhinn III a shuiteáil, a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú agus go bhfuil onnmhairiú na n-earraí sin údaraithe ag údarás inniúil i gcomhréir leis an Rialachán seo.

4. In ainneoin mhír 1, féadfaidh Ballstát toirmeasc ar sholáthar seirbhísí bróicéireachta a bhaineann le geimhle cos, le cuibhrigh bhuíne agus le gléasanna turrainge leictirí iniompartha a choinneáil. I gcás ina gcoinníonn Ballstát toirmeasc den sórt sin, cuirfidh sé in iúl don Choimisiún má dhéantar bearta atá glactha aige agus a bhfuil fógra tugtha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 7a(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 a leasú nó a aisghairm.

CAIBIDIL IV

Earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis

Airteagal 16

An ceanglas maidir le húdarú onnmhairiúcháin

1. I gcás aon onnmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, beidh údarú ag teastáil ina leith, gan beann ar áit tionscnaimh na n-earraí sin. Ní bheidh aon údarú ag teastáil áfach i gcás earraí nach ndéantar ach iad a chur trí chríoch chustaim an Aontais, eadhon na hearraí sin nach bhfuil cóireáil nó úsáid atá formheasta ó thaobh custaim de sannta dóibh seachas an nós imeachta idirthurais sheachtraigh faoi Airteagal 226 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, lena n-áirítear stóráil earraí nach as an Aontas dóibh i saorchrios.

Is é amháin a bheidh in Iarscríbhinn IV, earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis agus atá formheasta nó in úsáid go hiarbhír do phionós an bháis ag tríú tír amháin nó níos mó nach bhfuil deireadh curtha acu le pionós an bháis. Ní bheidh na hearraí seo a leanas inti:

- (a) airm thine a rialaítear le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012;
- (b) ítimí dé-úsáide a rialaítear le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009; agus
- (c) earraí a rialaítear i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES.

2. I gcás ina gceanglaítear go bhfuil gá le húdarú onnmhairiúcháin de bhun an Rialacháin seo chun táirgí íocshláinte a onnmhairiú agus go bhfuil an t-onnmhairiú freisin faoi réir ceanglais údarúcháin i gcomhréir le coinbhinsiún idirnáisiúnta lena rialaítear drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha, amhail Coinbhinsiún 1971 maidir le Substaintí Síceatrópacha, féadfaidh na Ballstáit nós imeachta aonair a úsáid chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu leis an Rialachán seo agus leis an gcoinbhinsiún ábhartha a chomhlíonadh.

Airteagal 17

Critéir maidir le húdaruithe onnmhairiúcháin a dheonú

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla na cinntí maidir le hiarratais ar údaruithe i leith earraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, á chur san áireamh dóibh na breithnithe ábhartha go léir, lena n-áirítear cibé a ndearna Ballstát eile le trí bliana anuas iarratas maidir le honnmhaire atá go bunúsach comhionann leis a dhíbhe agus cuirfidh siad san áireamh freisin breithnithe maidir leis an úsáid deiridh atá beartaithe agus an baol go n-atreorófar an t-earra.
2. Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil aon údarú a dheonú má tá forais réasúnta ann a chreidiúint go bhféadfadh sé go n-úsáidfí na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV le haghaidh phionós an bháis i dtríú tír.
3. Beidh feidhm ag na rialacha sa dara fomhír, sa tríú fomhír agus sa cheathrú fomhír maidir le fíorú na húsáide deiridh atá beartaithe agus an bhaoil atreoraithe.

Má dhéanann monaróir earraí a liostaítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn IV údarú a iarraidh chun táirgí den sóirt sin a onnmhairiú chuig dáileoir, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar na socruithe conarthacha a bheidh déanta ag an monaróir agus an dáileoir agus ar na bearta atá siad a dhéanamh chun a áirithiú nach n-úsáidfear na hearraí le haghaidh phionós an bháis.

Má iarrtar údarú chun earraí a liostaítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn IV a onnmhairiú chuig úsáideoir deiridh, féadfaidh an t-údarás inniúil, nuair a bheidh an baol atreoraithe á mheas aige, na socruithe conarthacha is infheidhme agus an ráiteas maidir le húsáid deiridh arna shíniú ag an úsáideoir deiridh, má tá ráiteas den sórt sin tugtha, a chur san áireamh. Mura mbeidh aon ráiteas maidir le húsáid deiridh tugtha, is faoin onnmhaireoir a bheidh sé a léiriú cé hé an t-úsáideoir deiridh agus cén úsáid a bhainfear as na hearraí. Má mhainníonn an t-onnmhaireoir dóthain faisnéise maidir leis an úsáideoir deiridh agus maidir leis an úsáid deiridh a thabhairt, measfar go bhfuil foras réasúnta ag an údarás inniúil a chreidiúint go bhféadfadh sé go n-úsáidfí na hearraí le haghaidh phionós an bháis.

Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát, treoirlínte maidir le dea-chleachtas a ghlacadh i dtaobh mheasúnú na húsáide deiridh agus an chuspóra a bheadh le húsáid an chúnaimh theicniúil.

4. Sa bhreis ar na critéir a leagtar amach i mír 1, déanfaidh an t-údarás inniúil, le linn dó iarratas ar údarú foriomlán a mheasúnú, a bhreithniú cibé an bhfuil bealaí agus nósanna imeachta atá cionmhar agus leormhaith á gcur i bhfeidhm ag an onnmhaiseoir chun a áirithiú go bhfuil forálacha agus cuspóirí an Rialacháin seo, mar aon le téarmaí agus coinníollacha an údaráithe, á gcomhlíonadh.

Airteagal 18

Idirthuras a thoirmeasc

Duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, lena n-áirítear comhpháirtíocht, bíodh cónaí air nó bíodh sé bunaithe i mBallstát nó ná bíodh, toirmeascfar air idirthuras earraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a dhéanamh más rud é go bhfuil a fhios aige go bhfuil aon chuid de sheoladh na n-earraí sin beartaithe lena húsáid le haghaidh phionós an bháis i dtríú tír.

Airteagal 19

Ceanglas maidir le húdarú i gcomhair seirbhísí áirithe

1. Ceanglófar údarú a fháil le haghaidh aon soláthar, ag soláthróir cúnamh teicniúil nó ag bróicéir, faoi seach, d'aon cheann de na seirbhísí seo a leanas a dhéantar d'aon duine, eintiteas nó comhlacht i dtríú tír, bíodh sin ar chomaoin nó gan a bheith ar chomaoin:
- (a) cúnamh teicniúil a bhaineann le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, gan beann ar áit tionscnaimh na n-earraí sin; agus
 - (b) seirbhísí bróicéireachta a bhaineann le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, gan beann ar áit tionscnaimh earraí den sórt sin.

2. Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratais ar údarú chun seirbhísí bróicéireachta a sholáthar i dtaca le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 17.

Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratais ar údarú chun cúnamh teicniúil a sholáthar i dtaca le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, déanfar na critéir a leagtar amach in Airteagal 17 a chur san áireamh chun a mheasúnú:

- (a) cibé an mbeadh an cúnamh teicniúil sin á sholáthar do dhuine, eintiteas nó comhlacht a bhféadfadh sé go mbainfeadh sé úsáid as na hearraí lena mbaineann an cúnamh teicniúil ar mhaithe le pionós an bháis; agus
- (b) cibé an mbeadh an cúnamh teicniúil sin á úsáid chun earraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a dheisiú, a fhorbairt, a mhonarú, a thástáil, a chothabháil nó a chóimeáil do dhuine, eintiteas nó comhlacht a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as na hearraí dá mbaineann an cúnamh teicniúil ar mhaithe le pionós an bháis, nó cibé an mbeadh an cúnamh teicniúil sin á sholáthar do dhuine, eintiteas nó comhlacht den sórt sin chun na críche sin.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le cúnamh teicniúil a sholáthar, más rud é

- (a) gurb é atá sa chúnamh teicniúil ná faisnéis atá san fhearann poiblí a sholáthar; nó
- (b) gurb é an cúnamh teicniúil an t-íosmhéid is gá chun na hearraí sin a liostaítear in Iarscríbhinn IV a shuiteáil, a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú agus go bhfuil onnmhairiú na n-earraí sin údaraithe ag údarás inniúil i gcomhréir leis an Rialachán seo.

CAIBIDIL V

Nósanna imeachta údarúcháin

Airteagal 20

Cineálacha údaruithe agus údaráis eisiúna

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas le haghaidh onnmhairiú áirithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe toirmeasc a chur ar an onnmhaireoir an t-údarú sin a úsáid má tá amhras réasúnta ann i leith chumas an onnmhaireora téarmaí an údaráithe sin a chomhlíonadh nó foráil de chuid na reachtaíochta maidir le rialú ar onnmhairiú a chomhlíonadh.

Malartóidh údaráis inniúla na mBallstát faisnéis faoi na honnmhaireoirí uile ar baineadh an ceart díobh an tÚdarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas a úsáid, ach amháin má chinneann siad nach ndéanfaidh onnmhaireoir sonracha iarracht earraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV onnmhairiú trí Bhallstát eile. Is córas malartaithe faisnéise, atá slán agus criptithe, a úsáidfear chun na críche sin.

2. Is é údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe a dheonóidh údarú i leith onnmhairiú nach onnmhairiú dá dtagraítear i mír 1 iad agus a gceanglaítear faoin Rialacháin seo údarú a dheonú ina leith, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I. Féadfaidh an t-údarú sin a bheith ina údarú aonair nó ina údarú foriomlán má bhaineann sé le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III nó in Iarscríbhinn IV. Údarú aonair a bheidh in údarú i dtaca le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II.
3. Maidir le húdarú le haghaidh idirthuras earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, is é údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht a iompraíonn na hearraí laistigh de chríoch chustaim an Aontais ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, a dheonóidh é. Más rud é nach bhfuil an duine, eintiteas nó comhlacht sin ina chónaí nó bunaithe i mBallstát, is é údarás inniúil an Bhallstáit ina dtarlaíonn tabhairt isteach na n-earraí i gcríoch chustaim an Aontais a dheonóidh an t-údarú. Is údarú aonair a bheidh san údarú sin.
4. Is é údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an músaem bunaithe, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, a dheonóidh údarú i leith allmhairí a gceanglaítear faoin Rialachán seo údarú ina leith. Údarú aonair a bheidh in údarú i dtaca le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II.

5. Is iad seo a leanas na húdaráis a thabharfaidh údarú i ndáil le cúnamh teicniúil a sholáthar maidir le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II:
- (a) údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an soláthróir cúnaimh theicniúil ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe, de réir mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, nó, mura bhfuil Ballstát den sórt sin ann, údarás inniúil an Bhallstáit a bhfuil an soláthróir cúnaimh theicniúil ina náisiúnach de nó ar faoina dhlí atá an soláthróir sin corpraithe nó comhdhéanta, má tá an cúnamh le soláthar do mhúsaem i dtríú tír; nó
 - (b) údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an músaem bunaithe, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, má tá an cúnamh sin le soláthar do mhúsaem san Aontas.
6. Údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an soláthróir cúnaimh theicniúil ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe, de réir mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, nó, mura bhfuil Ballstát den sórt sin ann, údarás inniúil an Bhallstáit a bhfuil an soláthróir cúnaimh theicniúil ina náisiúnach de nó ar faoina dhlí atá an soláthróir sin corpraithe nó comhdhéanta, is é a dhéanfaidh údarú le haghaidh soláthar cúnaimh theicniúil a bhaineann leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III nó in Iarscríbhinn IV a dheonú.

7. Údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an bróicéir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe, de réir mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, nó, mura bhfuil Ballstát den sórt sin ann, údarás inniúil an Bhallstáit a bhfuil an bróicéir ina náisiúnach de nó ar faoina dhlí atá an bróicéir sin corpraithe nó comhdhéanta, is é a dhéanfaidh údarú le haghaidh soláthar seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III nó in Iarscríbhinn IV a dheonú. Déanfar údarú den sórt sin a dheonú le haghaidh cainníocht shocráithe d'earraí sonracha a bhíonn á ngluaiseacht idir dhá cheann nó níos mó de thríú tíortha. Beidh suíomh na n-earraí sa tríú tír as ar thionscain siad, an t-úsáideoir deiridh agus suíomh beacht an úsáideora deiridh a shainaithint go soiléir.
8. An fhaisnéis ábhartha uile a theastaíonn i gcomhair a n-iarratas ar údarú onnmhairiúcháin aonair nó foriomlán le haghaidh onnmhairithe nó le haghaidh seirbhísí bróicéireachta, le haghaidh údarú do chúnamh theicniúil, le haghaidh údarú allmhairiúcháin aonair nó le haghaidh údarú aonair le haghaidh idirthurais, cuirfidh na hiarratasóirí ar fáil í don údarás inniúil.

Maidir le honnmhairithe, gheobhaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis iomlán faoin úsáideoir deiridh, faoin tír is ceann scríbe agus faoi úsáid deiridh na n-earraí.

Maidir le seirbhísí bróicéireachta, gheobhaidh na húdaráis inniúla go háirithe mionsonraí faoi shuíomh na n-earraí sa tríú tír as ar thionscain siad, tuairisc shoiléir ar na hearraí agus ar an gcainníocht atá i gceist, na tríú páirtithe atá páirteach san idirbheart, an tríú tír atá mar cheann scríbe, an t-úsáideoir deiridh sa tír sin agus suíomh beacht an úsáideora deiridh.

Féadfaidh deonú údaraithe a bheith faoi réir ráiteas úsáide deiridh, más iomchuí.

9. De mhaolú ar mhír 8, i gcás ina mbíonn monaróir nó ionadaí monaróra chun onnmhairiú nó díol nó aistriú a dhéanamh ar earraí atá ar áireamh i bpointe 3.2 nó 3.3 d'Iarscríbhinn III nó i Roinn 1 d'Iarscríbhinn IV chuig dáileoir i dtrí tír, cuirfidh an monaróir faisnéis ar fáil faoi na socruithe agus na bearta a bheidh déanta chun cosc a chur le húsáid na n-earraí atá ar áireamh i bpointe 3.2 nó 3.3 d'Iarscríbhinn III le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach nó chun cosc a chur le húsáid na n-earraí atá ar áireamh i Roinn 1 d'Iarscríbhinn IV le haghaidh phionós an bháis, faoin tír is ceann scríbe agus, má tá sí ar fáil, faisnéis faoin úsáid deiridh agus faoi úsáideoirí deiridh na n-earraí.
10. Arna iarraidh sin ag sásra náisiúnta coisctheach arna bhunú faoi Phrótacal Roghnach Choinbhinsiún 1984 na Náisiúin Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach, féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh an fhaisnéis a bheidh faighte acu ó iarratasóir faoin tír is ceann scríbe, faoin gcoinsíní, faoin úsáid deiridh agus faoi na húsáideoirí deiridh nó, i gcás inarb ábhartha, faoin dáileoir, mar aon le faisnéis faoi na socruithe agus na bearta dá dtagraítear i mír 9, a chur ar fáil don sásra náisiúnta coisctheach a iarrann an fhaisnéis sin. Tabharfaidh na húdaráis inniúla éisteacht don iarratasóir sula gcuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil agus féadfaidh siad srianta a chur ar an úsáid a fhéadfar a bhaint as an bhfaisnéis. Déanfaidh na húdaráis inniúla a gcuid cinntí i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.
11. Próiseálfaidh na Ballstáit iarrataí ar údaruithe aonair nó foriomlána laistigh de thréimhse ama a bheidh le socrú faoin dlí náisiúnta nó faoin gcleachtas náisiúnta.

Airteagal 21

Údaruithe

1. Déanfar údaruithe le haghaidh onnmhairiú, allmhairiú nó idirthuras a eisiúint i bhfoirm a bheidh ar aon dul leis an múnla a leagtar amach in Iarscríbhinn VII. Déanfar údaruithe maidir le seirbhísí bróicéireachta a eisiúint i bhfoirm a bheidh ar aon dul leis an múnla a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII. Déanfar údaruithe maidir le cúnamh teicniúil a eisiúint i bhfoirm a bheidh ar aon dul leis an múnla a leagtar amach in Iarscríbhinn IX. Beidh na húdaruithe sin bailí ar fud an Aontais. Mairfidh an tréimhse bailíochta a bheidh ag údarú ó thrí mhí go dtí dhá mhí dhéag agus féadfar í a fhadú suas le 12 mhí. Mairfidh an tréimhse bailíochta a bheidh ag údarú foriomlán ó bhliain amháin go dtí trí bliana agus féadfar í a fhadú suas le dhá bhliain.
2. Údarú le haghaidh onnmhairiú a dheonaítear i gcomhréir le hAirteagal 12 nó le hAirteagal 17, tuigtear leis gurb údarú é don onnmhaireoir cúnamh teicniúil a sholáthar don úsáideoir deiridh a mhéid go bhfuil an cúnamh sin riachtanach le haghaidh suiteáil, oibriú, cothabháil nó deisiú na n-earraí sin a bhfuil údarú tugtha dá n-onnmhairiú.
3. Féadfar údaruithe a eisiúint go leictreonach. Déanfar na nósanna imeachta sonracha a bhunú ar bhonn náisiúnta. Ballstáit a bhainfidh leas as an rogha seo, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas.
4. Údaruithe le haghaidh onnmhairiú, allmhairiú, idirthurais, soláthar cúnaimh theicniúil nó soláthar seirbhísí bróicéireachta, beidh siad faoi réir aon cheanglas agus coinníollacha a measann an t-údarás inniúil iad a bheith iomchuí.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an Rialachán seo, diúltú údarú a dheonú agus féadfaidh siad údarú atá deonaithe cheana acu a chur ar neamhní, a fhionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm.

Airteagal 22

Foirmiúlachtaí custaim

1. Nuair a bheidh foirmiúlachtaí custaim á gcur i gcrích, cuirfidh an t-onnmhaireoir nó an t-allmhaireoir isteach an fhoirm chomhlánaithe iomchuí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII mar chruthúnas go bhfuarthas an t-údarú is gá don onnmhairiú nó don allmhairiú lena mbaineann. Mura bhfuil an doiciméad líonta isteach i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit ina gcuirfear na foirmiúlachtaí custaim i gcrích, féadfar a iarraidh ar an onnmhaireoir nó ar an allmhaireoir aistriúchán chuig teanga oifigiúil den sórt sin a chur ar fáil.
2. Má dhéantar dearbhú custaim i dtaca le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, III nó IV agus go ndeimhnítear nach bhfuil aon údarú deonaithe de bhun an Rialacháin seo don onnmhairiú nó allmhairiú beartaithe, déanfaidh na húdaráis chustaim na hearraí atá dearbhaithe a choinneáil agus cuirfidh siad an t-onnmhaireoir nó an t-allmhaireoir ar an eolas mar gheall ar an bhféidearthacht atá ann iarratas ar údarú a dhéanamh de bhun an Rialacháin seo. Mura ndéantar aon iarratas ar údarú laistigh de shé mhí i ndiaidh thráth na coinneála, nó má dhéanann an t-údarás inniúil iarratas den sórt sin a dhíbhe, déanfaidh na húdaráis inniúla na hearraí a bheidh coinnithe a dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

Airteagal 23

Ceanglas maidir le fógra a thabhairt agus maidir le comhairliúchán

1. Tabharfaidh Ballstát fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún más rud é go nglacann a chuid údarás inniúil, de réir mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, cinneadh lena ndéantar iarratas ar údarú faoin Rialachán seo a dhíbhe nó má dhéanann siad údarú a bhí deonaithe acu a chur ar neamhní. Déanfar fógra den sórt sin a thabhairt tráth nach déanaí ná 30 lá i ndiaidh dháta an chinnidh nó an neamhnithe.
2. Rachaidh an t-údarás inniúil, trí bhealaí taidhleoireachta i gcás inar gá sin nó i gcás inarb iomchuí, i mbun comhairliúcháin leis an údarás nó leis na húdaráis a rinne, sna trí bliana roimhe sin, iarratas ar údarú d'onnmhairiú, d'idirthuras, do sholáthar cúnaimh theicniúil do dhuine, d'eintiteas nó do chomhlacht i dtríú tír nó do sholáthar seirbhísí bróicéireachta a dhíbhe faoin Rialachán seo más rud é go bhfaigheann sé iarratas i dtaca le honnmhairiú, le hidirthuras, le soláthar cúnaimh theicniúil do dhuine, d'eintiteas nó do chomhlacht i dtríú tír nó i dtaca le soláthar seirbhísí bróicéireachta lena mbaineann go bunúsach idirbheart comhionann leis an idirbheart dá dtagraítear san iarratas sin a rinneadh níos túisce agus go measann an t-údarás inniúil sin gur cheart, amhlaidh, an t-údarú a dheonú.
3. Más rud é, tar éis na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 2, go gcinneann an t-údarás inniúil údarú a dheonú, déanfaidh an Ballstát ábhartha na Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach i dtaobh a chinnidh agus míneoidh sé na cúiseanna atá aige lena chinneadh, agus á dhéanamh sin dó cuirfidh sé faisnéis tacaíochta faoina mbráid de réir mar is iomchuí.

4. I gcás ina bhfuil diúltú údarú a dheonú bunaithe ar thoirmeasc náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 14(1) nó le hAirteagal 15(4), ní cinneadh a bheidh ann lena ndéantar iarratas a dhíbhe de réir bhrí mhír 1 den Airteagal seo.
5. Na fógraí uile a cheanglaítear a dhéanamh faoin Airteagal seo, déanfar iad trí chóras malartaithe faisnéise atá slán agus criptithe.

CAIBIDIL VI

Forálacha ginearálta agus deiridh

Airteagal 24

Na hIarscríbhinní a leasú

Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29, chun Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VI, VII, VIII agus IX go IX_a leasú. Na sonraí in Iarscríbhinn I maidir leis na húdaráis inniúla de chuid na mBallstát, déanfar iad a leasú ar bhonn faisnéis a chuirfidh na Ballstáit ar fáil.

Más rud é, i gcás leasú ar Iarscríbhinn II, III, IV nó V, gur gá sin a dhéanamh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 30 maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.

Airteagal 25

Iarrataí ar earraí a chur le ceann de na liostaí earraí

1. Féadfaidh gach Ballstát iarraidh chuí-réasúnaithe a chur chuig an gCoimisiún chun earraí atá deartha le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí nó atá margaithe le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí a chur isteach in Iarscríbhinn II, in Iarscríbhinn III nó in Iarscríbhinn IV. San iarraidh sin beidh faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) dearadh agus saintréithe na n-earraí;
- (b) na críocha uile ar féidir iad a úsáid chucu; agus
- (c) na rialacha idirnáisiúnta nó intíre a shárófaí dá n-úsáidfí na hearraí sin le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí.

Nuair a bheidh an iarraidh uaidh á dhíriú ag an mBallstát chuig an gCoimisiún, déanfaidh an Ballstát iarrthach an iarraidh sin a chur ar aghaidh chuig na Ballstáit eile freisin.

2. Féadfaidh an Coimisiún, laistigh de thrí mhí tar éis an iarraidh a fháil, a iarraidh ar an mBallstát iarrthach faisnéis bhreise a sholáthar, má mheasann sé nach bhfuil aghaidh tugtha san iarraidh ar cheann amháin nó níos mó de na pointí ábhartha nó go dteastaíonn faisnéis bhreise faoi cheann amháin nó níos mó de na pointí ábhartha. Cuirfidh sé in iúl cad iad na pointí ar gá faisnéis bhreise a chur ar fáil fúthu. Cuirfidh an Coimisiún a chuid ceisteanna ar aghaidh chuig na Ballstáit eile. Féadfaidh na Ballstáit eile tuilleadh faisnéise a sholáthar don Choimisiún ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar an iarraidh.

3. Má mheasann sé nach gá faisnéis bhreise a iarraidh nó, i gcás inarb infheidhme, ar fháil na faisnéise breise a d'iarr sé, tosóidh an Coimisiún laistigh de 20 seachtain tar éis an iarraidh nó an fhaisnéis bhreise faoi seach a fháil ar an nós imeachta chun an leasú a iarraidh a ghlacadh nó cuirfidh sé in iúl do na Ballstáit iarrthacha cad iad na cúiseanna atá aige gan an méid sin a dhéanamh.

Airteagal 26

Malartú faisnéise idir údaráis na mBallstát agus an Coimisiún

1. Gan dochar d'Airteagal 23, cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit in iúl dá chéile, arna iarraidh sin, na bearta a ghlacfar faoin Rialachán seo agus cuirfidh siad ar fáil dá chéile aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil acu a bhaineann leis an Rialachán seo, go háirithe faisnéis maidir le húdaruithe arna ndeonú agus arna ndiúltú.
2. San fhaisnéis ábhartha maidir le húdaruithe arna ndeonú agus arna ndiúltú, beidh ar a laghad an cineál cinnidh, na forais don chinneadh nó achoimre orthu, ainmneacha na gcoinsínithe agus, murab iad na daoine céanna iad, ainmneacha na n-úsáideoirí deiridh chomh maith leis na hearraí lena mbaineann.
3. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún más féidir, tuarascáil bhliantúil phoiblí maidir le gníomhaíochtaí a thabhairt, lena soláthrófar faisnéis maidir le líon na n-iarratas arna bhfáil, maidir leis na hearraí agus na tíortha lena mbaineann na hiarratais sin, agus maidir leis an cinntí atá déanta acu i leith na n-iarratas sin. Ní bheidh sa tuarascáil sin faisnéis ar dóigh leis an mBallstát go mbeidh nochtadh na faisnéise sin ag teacht salach ar leasanna bunúsacha a shlándála.

4. Ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil arb éard a bheidh inti na tuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 3. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil sin ar fáil go poiblí.
5. Cé is moite den fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a sholáthrófar d'údaráis an Bhallstáit eile agus don Choimisiún, beidh an tAirteagal seo gan dochar do na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le rúndacht agus sicréideacht ghairmiúil.
6. Diúltú údarú a dheonú, má tá an diúltú sin bunaithe ar thoirmeasc náisiúnta arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14(1), ní bheidh sé ina údarú arna dhiúltú de réir bhrí mhíreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo.

Airteagal 27

Sonraí pearsanta a phróiseáil

Próiseálfar agus malartófar sonraí pearsanta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 agus i Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 28
Faisnéis a úsáid

Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus reachtaíocht náisiúnta maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, is chun na críche ar iarradh í, agus chun na críche sin amháin, a úsáidfear faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin seo.

Airteagal 29
An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 24 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 16 Nollaig 2016. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 24 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 24 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 30

An nós imeachta práinne

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 29(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt maidir leis an gcinneadh chun agóid a dhéanamh.

Airteagal 31

An Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht

1. Bunófar Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht agus beidh ionadaí ón gCoimisiún mar chathaoirleach air. Déanfaidh gach Ballstát ionadaí don Ghrúpa seo a cheapadh.
2. Scrúdóidh an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht aon cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear, agus gan teorannú, malartú faisnéise maidir le cleachtais riaracháin agus aon cheisteanna eile a fhéadfaidh an Cathaoirleach nó ionadaí Ballstáit a ardú.

3. Féadfaidh an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht, cibé uair a mheasann sé gur gá sin, dul i gcomhairle le honnmhaireoirí, le bróicéirí, le soláthróirí cúnaimh theicniúil agus le geallsealbhóirí ábhartha eile lena mbaineann an Rialachán seo.
4. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil a thíolacadh i scríbhinn do Pharlaimint na hEorpa maidir le gníomhaíochtaí, scrúduithe agus comhairliúcháin an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht.

Déanfar an tuarascáil bhliantúil a tharraingt suas agus aird chuí á tabhairt ar a riachtanaí atá sé gan an bonn a bhaint ó na leasanna tráchtála atá ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha. Is i modh rúin a bheidh na pléití sa Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht.

Airteagal 32

Athbhreithniú

1. Faoi 31 Iúil 2020, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil chuimsitheach um chur chun feidhme agus um measúnú tionchair faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus féadfaidh sé go mbeidh tograí san áireamh sa tuarascáil i ndáil leis an Rialachán seo a leasú. San athbhreithniú sin, déanfar measúnú ar a riachtanaí atá sé na gníomhaíochtaí a dhéanann náisiúnaigh de chuid an Aontais ar an gcoigríoch a chur san áireamh. Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis uile is iomchuí don Choimisiún chun an tuarascáil a ullmhú.

2. I ranna speisialta den tuarascáil, déileálfar leis na nithe seo a leanas:
 - (a) an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht agus a chuid gníomhaíochtaí.
Déanfar an tuarascáil a tharraingt suas agus aird chuí á tabhairt ar a riachtanaí atá sé gan an bonn a bhaint ó na leasanna tráchtála atá ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha.
Is i modh rúin a bheidh na pléití sa ghrúpa;
 - (b) faisnéis faoi na bearta a bheidh glactha ag na Ballstáit de bhun Airteagal 33(1) agus a mbeidh fógra ina dtaobh tugtha don Choimisiún de bhun Airteagal 33(2).

Airteagal 33

Pionóis

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach bearta is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon leasú a dhéanfaidh difear do rialacha maidir le pionóis ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 .

Airteagal 34
Raon feidhme críochach

1. Beidh ag an Rialachán seo an raon feidhme críochach céanna agus atá ag na Conarthaí, ach amháin i gcás na chéad fhomhíre d'Airteagal 3(1), na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(1), Airteagail 5, 11, 13, 14, 16 agus 18, Airteagal 20(1) go (4) agus Airteagal 22, a mbeidh feidhm acu sin maidir le:
 - críoch chustaim an Aontais;
 - críocha Spáinneacha Ceuta agus Melilla;
 - críoch Ghearmánach Helgoland.
2. Chun críche an Rialacháin seo, measfar gur cuid de chríoch chustaim an Aontais Ceuta, Helgoland agus Melilla.

Airteagal 35
Aisghairm

Déantar Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 a aisghairm.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn XI.

Airteagal 36
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* .

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna déanamh in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

Liosta na n-údarás dá dtagraítear in Airteagail 20 agus 23
agus seoladh le haghaidh fógraí chuig an gCoimisiún Eorpach

A. Údaráis na mBallstát

AN BHEILG

Federale Overheidsdienst Economie, K.M.O., Middenstand en Energie
Algemene Directie Economische Analyses en Internationale Economie
Dienst Vergunningen
Vooruitgangstraat 50
B-1210 Brussel
BELGIË

Service public fédéral économie, PME, classes moyennes et énergie
Direction générale des Analyses économiques et de l'Economie internationale
Service licences
Rue du Progrès 50
B-1210 Bruxelles
BELGIQUE
Teil. +32 22776713, +32 22775459
Facs +32 22775063
Seoladh ríomhphoist: frieda.coosemans@economie.fgov.be
johan.debontridder@economie.fgov.be

AN BHULGÁIR

Министерство на икономиката

ул. 'Славянска' № 8

1052 София/Sofia

БЪЛГАРИЯ/BULGARIA

Ministry of Economy

8, Slavyanska Str.

1052 София/Sofia

BULGARIA

Teil. +359 29407771

Facs +359 29880727

Seoladh ríomhphoist: exportcontrol@mi.government.bg

POBLACHT NA SEICE

Ministerstvo průmyslu a obchodu

Licenční správa

Na Františku 32

110 15 Praha 1

ČESKÁ REPUBLIKA

Teil. +420 224907638

Facs +420 224214558

Seoladh ríomhphoist: dual@mpo.cz

AN DANMHAIRG

Iarscríbhinn III, Uimh. 2 agus Uimh. 3

Justitsministeriet

Slotsholmsgade 10

DK-1216 København K

DANMARK

Teil. +45 72268400

Facs +45 33933510

Seoladh ríomhphoist: jm@jm.dk

Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III, Uimh. 1

Erhvervs- og Vækstministeriet

Erhvervsstyrelsen

Eksportkontrol

Langelinie Allé 17

DK-2100 København K

DANMARK

Teil. +45 35291000

Facs +45 35291001

Seoladh ríomhphoist: eksportkontrol@erst.dk

AN GHEARMÁIN

Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle (BAFA)

Frankfurter Straße 29—35

D-65760 Eschborn

DEUTSCHLAND

Teil. +49 6196 908 2217

Facs +49 6196 908 1800

Seoladh ríomhphoist: ausfuhrkontrolle@bafa.bund.de

AN EASTÓIN

Strateegilise kauba komisjon

Islandi väljak 1

15049 Tallinn

EESTI/ESTONIA

Teil. +372 6377192

Facs +372 6377199

Seoladh ríomhphoist: stratkom@vm.ee

ÉIRE

An tAonad Ceadúnúcháin

An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

23 Sráid Chill Dara

Baile Átha Cliath 2

ÉIRE

Licensing Unit

Department of Business, Enterprise and Innovation

23 Kildare Street

Dublin 2

ÉIRE

Teil. +353 16312121

Facs +353 16312562

Seoladh ríomhphoist: exportcontrol@djei.ie

AN GHRÉIG

Υπουργείο Ανάπτυξης, Ανταγωνιστικότητας, Υποδομών, Μεταφορών και Δικτύων
Γενική Διεύθυνση Διεθνούς Οικονομικής Πολιτικής
Διεύθυνση Καθεστώτων Εισαγωγών-Εξαγωγών, Εμπορικής Άμυνας
Ερμού και Κορνάρου 1,
GR-105 63 Αθήνα/Athens
ΕΛΛΑΔΑ/GREECE
Ministry of Development, Competitiveness, Infrastructure, Transport and Networks
General Directorate for International Economic Policy
Directorate of Import-Export Regimes, Trade Defence Instruments
Ermou and Kornarou 1,
GR-105 63 Athens
GREECE
Teil. +30 2103286021-22, +30 2103286051-47
Facs +30 2103286094
Seoladh ríomhphoist: e3a@mnec.gr, e3c@mnec.gr

AN SPÁINN

Subdirección General de Comercio Internacional de Material de Defensa y Doble Uso
Secretaría de Estado de Comercio
Ministerio de Economía y Competitividad
Paseo de la Castellana 162, planta 7
E-28046 Madrid
ESPAÑA
Teil. +34 913492587
Facs. +34 913492470
Seoladh ríomhphoist: sgdefensa.ssc@comercio.mineco.es

AN FHRAINIC

Ministère des finances et des comptes publics
Direction générale des douanes et droits indirects
Bureau E2
11 Rue des Deux Communes
F-93558 Montreuil Cedex
FRANCE
Teil. +33 1 57 53 43 98
Facs +33 1 57 53 48 32
Seoladh ríomhphoist: dg-e2@douane.finances.gouv.fr

AN CHRÓIT

Ministarstvo vanjskih i europskih poslova
Samostalni sektor za trgovinsku politiku i gospodarsku multilateralu
Trg Nikole Šubića Zrinskog 7-8
10 000 Zagreb
REPUBLIKA HRVATSKA
Teil. +385 1 6444 625 (626)
Facs +385 1 6444 601

AN IODÁIL

Ministero dello Sviluppo Economico
Direzione Generale per la Politica Commerciale Internazionale
Divisione IV
Viale Boston, 25
00144 Roma
ITALIA
Teil. +39 0659932439
Facs. +39 0659647506
Seoladh ríomhphoist: polcom4@mise.gov.it

AN CHIPIR

Υπουργείο Ενέργειας, Εμπορίου, Βιομηχανίας και Τουρισμού

Υπηρεσία Εμπορίου

Κλάδος Έκδοσης Αδειών Εισαγωγών/Εξαγωγών

Ανδρέα Αραούζου 6

CY-1421 Λευκωσία

KYΠΡΟΣ/CYPRUS

Ministry of Energy, Commerce, Industry and Tourism

Trade Service

Import/Export Licensing Section

6 Andreas Araouzos Street

CY-1421 Nicosia

CYPRUS

Tel. +357 22867100, +357 22867197, +357 22867332

Facs +357 22375443

Seoladh rphoist: ts@mcit.gov.cy, pevgeniou@mcit.gov.cy

AN LAITVIA

Ārlietu ministrija

K. Valdemāra iela 3

LV-1395 Rīga

LATVIJA

Teil. +371 67016426

Facs +371 67828121

Seoladh ríomhphoist: mfa.cha@mfa.gov.lv

AN LIOTUÁIN

Policijos departamento prie Vidaus reikalų ministerijos
Viešosios policijos valdybos Licencijavimo skyrius
Saltoniškių g. 19
LT-08105 Vilnius
LIETUVA/LITHUANIA
Teil. +370 82719767
Facs +370 52719976
Seoladh ríomhphoist: leidimai.pd@policija.lt

LUCSAMBURG

Ministère de l'Economie
Office des Licences
19-21, boulevard Royal
L-2449 Luxembourg
BP 113/L-2011 Luxembourg
LUXEMBOURG
Teil. +352 22 61 62
Facs +352 46 61 38
Seoladh ríomhphoist: office.licences@eco.etat.lu

AN UNGÁIR

Magyar Kereskedelmi Engedélyezési Hivatal
Németvölgyi út 37-39
H-1124 Budapest
MAGYARORSZÁG/HUNGARY
Teil. +36 14585599
Facs +36 14585885
Seoladh ríomhphoist: armstrade@mkeh.gov.hu

MÁLTA

Dipartiment tal-Kummerċ

Servizzi ta' Kummerċ

Lascaris

Valletta VLT2000

MALTA

Commerce Department

Trade Service

Lascaris

Valletta VLT2000

MALTA

Teil. +356 21242270

Facs +356 25690286

AN ÍSILTÍR

Ministerie van Buitenlandse Zaken

Directoraat-Generaal Buitenlandse Economische Betrekkingen

Directie Internationale Marktordening en Handelspolitiek

Bezuidenhoutseweg 67

Postbus 20061

2500 EB Den Haag

NEDERLAND

Teil. +31 703485954, +31 703484652

AN OSTAIR

Bundesministerium für Wissenschaft, Forschung und Wirtschaft
Abteilung ‘Außenwirtschaftskontrolle’ C2/9
Stubenring 1
A-1011 Wien
ÖSTERREICH
Teil. +43 1711008341
Facs +43 1711008366
Seoladh ríomhphoist: post.c29@bmwfw.gv.at

AN PHOLAINN

Ministerstwo Gospodarki
Departament Handlu i Usług
Plac Trzech Krzyży 3/5
00-507 Warszawa
POLSKA/POLAND
Teil. +48 226935553
Facs +48 226934021
Seoladh ríomhphoist: SekretariatDHU@mg.gov.pl

AN PHORTAINGÉIL

Ministério das Finanças
AT- Autoridade Tributária e Aduaneira
Direcção de Serviços de Licenciamento
Rua da Alfândega, n. 5, r/c
P-1149-006 Lisboa
PORTUGAL
Teil. +351 218813843
Facs +351 218813986
Seoladh ríomhphoist: dsl@at.gov.pt

AN RÓMÁIN

Ministerul Economiei, Comerțului și Turismului
Departamentul pentru Comerț Exterior și Relații Internaționale
Direcția Politici Comerciale
Calea Victoriei nr. 152
București, sector 1
Cod poștal 010096
ROMÂNIA
Teil. +40 214010552, +40 214010504, +40 214010507
Facs +40 214010568, +40 213150454
Seoladh ríomhphoist: adrian.berezintu@dce.gov.ro

AN tSLÓIVÉIN

Ministrstvo za gospodarski razvoj in tehnologijo
Direktorat za notranji trg, Sektor za trgovinsko politiko
Kotnikova 5
1000 Ljubljana
REPUBLIKA SLOVENIJA
Teil. +386 1 400 3564;
Facs +386 1 400 3588

Ministry for Economic Development and Technology
Directorate for Internal Market, Trade Policy Division
Kotnikova 5
1000 Ljubljana
THE REPUBLIC OF SLOVENIA
Teil. +386 1 400 3564;
Facs +386 1 400 3588

AN tSLÓVAIC

Ministerstvo hospodárstva Slovenskej republiky
Odbor výkonu obchodných opatrení
Mierová 19
827 15 Bratislava
SLOVENSKO
Teil. +421 248542163
Facs +421 243423915
Seoladh ríomhphoist: lucia.filipkova@economy.gov.sk

AN FHIONLAINN

Sisäministeriö
Poliisiosasto
PL 26
FI-00023 Valtioneuvosto
FINLAND
Inrikesministeriet
Polisavdelningen
PB 26
FI-00023 Statsrådet
SUOMI/FINLAND

Teil. +358 295 480 171
Facs +358 916 044 635
Seoladh ríomhphoist: kirjaamo@intermin.fi

AN tSUALAINN

Kommerskollegium
PO Box 6803
SE-113 86 Stockholm
SVERIGE
Teil. +46 86904800
Facs +46 8306759
Seoladh ríomhphoist: registrator@kommers.se

AN RÍOCHT AONTAITHE

Allmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II:

Department for Business, Innovation and Skills (BIS)
Import Licensing Branch (ILB)
Seoladh ríomhphoist: enquiries.ilb@bis.gsi.gov.uk

Onnmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn III, agus soláthar cúnaimh theicniúil a bhaineann leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus Airteagal 4(1):

Department for Business, Innovation and Skills (BIS)
Export Control Organisation
1 Victoria Street
London
SW1H 0ET
UNITED KINGDOM
Teil. +44 2072154594
Facs: +44 2072152635
Seoladh ríomhphoist: eco.help@bis.gsi.gov.uk

B. Seoladh le haghaidh fógraí chuig an gCoimisiún Eorpach

An Coimisiún Eorpach

An tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh

Oifig EEAS 7/99

B-1049 Bruxelles/Brussel

AN BHEILG

Seoladh ríomhphoist: relex-sanctions@ec.europa.eu

IARSCRÍBHINN II

Liosta na n-earraí dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4

Nóta Réamhráiteach:

Tagraíonn na “cóid Ainmníochta Comhcheangailte” (cóid AC) san Iarscríbhinn seo do chóid a shonraítear i gCuid a Dó d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle¹.

I gcás ina dtagann “ex” roimh an gcód AC, ní bheidh sna hearraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ach cuid de raon feidhme an chóid AC agus is í an tuairisc a thugtar orthu san Iarscríbhinn seo agus raon feidhme an chóid AC araon a chinnfidh iad.

Nótaí:

1. Ní chumhdaíonn ítimí 1.3 agus 1.4 i Roinn 1 a bhaineann le hearraí atá ceaptha chun daoine a chur chun báis, ní chumhdaíonn siad earraí míochaine-teicniúla.
2. Níor cheart go ndéanfaí cuspóir na rialuithe atá san Iarscríbhinn seo a shárú toisc aon earraí neamhrialaithe (lena n-áirítear gléasra) a bheith á n-onnmhairiú, a bhfuil comhpháirt rialaithe amháin nó níos mó ann, nuair is í an chomhpháirt rialaithe nó nuair is iad na comhpháirteanna rialaithe sin príomheilimint na n-earraí agus nuair is féidir an chomhpháirt sin nó na comhpháirteanna sin a bhaint nó a úsáid chun críche eile.

N.B.: Agus é á mheas arb í an chomhpháirt rialaithe nó arb iad na comhpháirteanna rialaithe príomheilimint an earra, ní mór an chainníocht, an luach agus an saineolas teicneolaíochta atá i gceist a chur san áireamh, chomh maith le cúinsí speisialta eile lena bhféadfaí a shuíomh gurb í an chomhpháirt rialaithe nó gurb iad na comhpháirteanna rialaithe príomheilimint na n-earraí atá á bhfáil.

¹ Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Cód AC	Tuairisc
	1. Earraí atá ceaptha chun daoine a chur chun báis, mar a leanas:
ex44219097 ex82089000	1 1.1. Crocha, gilitíní agus lanna le haghaidh gilitíní ☐
ex85437090 ex94017900 ex94018000 ex94021000	1.2. Cathaoireacha leictreacha a úsáidtear chun daoine a chur chun báis
ex94060038 ex94060080	1.3. Seomraí aerdhíonacha, déanta as cruach nó gloine mar shampla, atá ceaptha chun daoine a chur chun báis trí ghás marfach nó substaint mharfach a thabhairt dóibh
ex84138100 ex90189050 ex90189060 ex90189084	1.4. Córais uathoibríocha insteallta drugaí atá ceaptha chun daoine a chur chun báis trí ghás marfach nó substaint mharfach a thabhairt dóibh
	2. Earraí nach bhfuil oiriúnach lena n-úsáid ag údarais um fhorfheidhmiú an dlí chun daoine a shrianadh, mar a leanas:
ex85437090	2.1. Gléasanna turrainge leictrí atá ceaptha lena gcaitheamh ar an gcorp ag duine faoi shrian, amhail criosanna, muinchillí agus cufaí, atá ceaptha le daoine a shrianadh trí thurraing leictreach a thabhairt dóibh
ex73269098 ex76169990 ex83015000 ex39269097 ex42033000 ex42034000 ex42050090	2.2. Glais ordóg, glais méar, biseanna ordóige agus biseanna méire Nóta: Leis an ítim seo, áirítear glais dhéadacha agus neamhdhéadacha agus biseanna déadacha agus neamhdhéadacha araon

Cód AC	Tuairisc
ex73269098 ex76169990 ex83015000 ex39269097 ex42033000 ex42034000 ex42050090 ex62171000 ex63079098	2.3. Barra-laincísí, srianta ualaithe cos agus cuibhrigh bhuíne a bhfuil barra-laincísí nó srianta ualaithe cos mar chuid díobh Nótaí: 1. Geimhle nó fáinní murnáin is ea barra-laincísí agus iad feistithe le fearas glasála, nasctha le barra docht is gnách a bheith déanta as miotal 2. Leis an ítim seo, áirítear barra-laincísí agus srianta ualaithe cos atá ceangailte de ghnáthghlais lámh le slabhra
ex73269098 ex76169990 ex83015000 ex39269097 ex42033000 ex42034000 ex42050090 ex62171000 ex63079098	2.4. Glais chun daoine a shrianadh, atá ceaptha le bheith ceangailte de bhalla, d'urlár nó de shíleáil

Cód AC	Tuairisc
ex94016100 ex94016900 ex94017100 ex94017900 ex94018000 ex94021000	2.5. Cathaoireacha srianta: cathaoireacha atá feistithe le geimhle nó le gléasanna eile chun duine a shrianadh Nóta: Leis an ítim seo, ní thoirmeasctar cathaoireacha nach bhfuil feistithe ach le strapáí nó criosanna
ex94029000 ex94032020 ex94032080 ex94035000 ex94037000 ex94038100 ex94038900	2.6. Cláir gheimhle agus leapacha geimhle: cláir agus leapacha atá feistithe le geimhle nó le gléasanna eile chun duine a shrianadh Nóta: Leis an ítim seo, ní thoirmeasctar cláir agus leapacha nach bhfuil feistithe ach le strapáí nó criosanna
ex94029000 ex94032020 ex94035000 ex94037000 ex94038100 ex94038900	2.7. Leapacha caighin: leapacha ar caighin iad (ceithre thaobh agus clár uachtair orthu) nó struchtúr atá cosúil le caighean ina ndúntar duine taobh istigh den spás leapa, an clár uachtair nó taobh amháin nó níos mó de na taobhanna feistithe le barraí miotail nó barraí eile, agus nach féidir a oscailt ach ón taobh amuigh
ex94029000 ex94032020 ex94035000 ex94037000 ex94038100 ex94038900	2.8. Leapacha eangaí: leapacha ar caighin iad (ceithre thaobh agus clár uachtair orthu) nó struchtúr atá cosúil le caighean ina ndúntar duine taobh istigh den spás leapa, an clár uachtair nó taobh amháin nó níos mó de na taobhanna feistithe le heangacha, agus nach féidir a oscailt ach ón taobh amuigh

Cód AC	Tuairisc
	3. Gléasanna iniompartha nach bhfuil oiriúnach lena n-úsáid ag údaráis um fhorfheidhmiú an dlí le haghaidh círeib a smachtú nó le haghaidh féinchosanta, mar a leanas:
ex93040000	3.1. Bataí nó smachtíní atá déanta as miotal nó ábhar eile agus ag a bhfuil crann ar a bhfuil spící miotail
ex39269097 ex73269098	3.2. Sciatha ar a bhfuil spící miotail
	4. Fuipeanna mar a leanas:
ex66020000	4.1. Fuipeanna ag a bhfuil iliomad lasca nó iallacha, amhail lasca Rúiseacha nó lasca na naoi gcrabh
ex66020000	4.2. Fuipeanna ag a bhfuil lasc nó iall, nó níos mó ná lasc nó iall amháin, ar a bhfuil friofaí, crúcaí, spící, sreang mhiotail nó rudaí comhchosúla feistithe a chuireann le héifeacht bhuille na laisce nó na héille

IARSCRÍBHINN III

Liosta na n-earraí dá dtagraítear in Airteagal 11

Nóta Réamhráiteach:

Tagraíonn na “cóid Ainmníochta Comhcheangailte” (Cóid AC) san Iarscríbhinn seo do chóid a shonraítear i gCuid a Dó d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

I gcás ina dtagann “ex” roimh an gcód AC, ní bheidh sna hearraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ach cuid de raon feidhme an chóid AC agus is í an tuairisc a thugtar orthu san Iarscríbhinn seo agus raon feidhme an chóid AC araon a chinnfidh iad.

Nótaí:

1. Níor cheart go ndéanfaí cuspóir na rialuithe atá san Iarscríbhinn seo a shárú toisc aon earraí neamhrialaithe (lena n-áirítear gléasra) a bheith á n-onnmhairiú, a bhfuil comhpháirt rialaithe amháin nó níos mó ann, nuair is í an chomhpháirt rialaithe nó nuair is iad na comhpháirteanna rialaithe sin príomheilimint na n-earraí agus nuair is féidir an chomhpháirt sin nó na comhpháirteanna sin a bhaint nó a úsáid chun críche eile.

N.B.: Agus é á mheas arb í an chomhpháirt rialaithe nó arb iad na comhpháirteanna rialaithe príomheilimint an earra, ní mór an chainníocht, an luach agus an saineolas teicneolaíochta atá i gceist a chur san áireamh, chomh maith le cúinsí speisialta eile lena bhféadfaí a shuíomh gurb í an chomhpháirt rialaithe nó gurb iad na comhpháirteanna rialaithe príomheilimint na n-earraí atá á bhfáil.

2. I gcásanna áirithe, is de réir ainm agus uimhir CAS a liostaítear ceimiceáin. Beidh feidhm ag an liosta maidir le ceimiceáin a bhfuil an fhoirmle struchtúrach céanna acu (lena n-áirítear hiodráití) is cuma an t-ainm atá orthu ná an uimhir CAS atá acu. Léirítear na huimhreacha CAS ionas go bhféadfar ceimiceán áirithe nó meascán áirithe a shainaithint, gan spleáchas d’ainmníocht. Ní féidir uimhreacha CAS a úsáid mar aitheantóirí uathúla toisc go bhfuil uimhreacha difriúla CAS ag foirmeacha áirithe de na ceimiceáin a liostaítear, agus toisc go bhféadfadh uimhir dhifriúil CAS a bheith ag meascáin a bhfuil ceimiceán atá sa liosta iontu.

Cód AC	Tuairisc
	1. Earraí atá ceaptha chun daoine a shrianadh, mar a leanas:
ex73269098 ex76169990 ex83015000 ex39269097 ex42033000 ex42034000 ex42050090 ex62171000 ex63079098	1.1. Geimhle agus cuibhrigh bhuíne Nótaí: 1. Sriantha is ea geimhle ar a bhfuil dhá ghlas nó dhá fháinne agus iad feistithe le fearas glasála, nasctha le slabhra nó barra 2. Leis an ítim seo, ní rialaítear geimhle cos agus cuibhrigh bhuíne a thoirmeasctar le hítim 2.3 d’Iarscríbhinn II. 3. Leis an ítim seo, ní rialaítear “gnáthghlais lámh”. Gnáthghlais lámh is ea glais lámh a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas: – tá an lán-toise atá acu lena n-áirítear slabhra, arna dtomhas ó fhorimeall glais amháin go fhorimeall glais eile, idir 150 mm agus 280 mm nuair atá an dá ghlas glasáilte; – ní mó ná 165 mm an imlíne laistigh de gach glas nuair atá an bhacfhiaicail gafa sa pholl deiridh den chuid sin den ghlas a chuirtear isteach san fhearas glasála; – ní lú ná 200 mm an imlíne laistigh de gach glas nuair atá an bhacfhiaicail gafa sa chéad pholl den chuid sin den ghlas a chuirtear isteach san fhearas glasála; agus – níl na glais modhnaithe chun bheith ina gcúis le pian fhisiciúil nó fulaingt.

Cód AC	Tuairisc
ex73269098 ex76169990 ex83015000 ex39269097 ex42033000 ex42034000 ex42050090 ex62171000 ex63079098	1.2. Glais nó fáinní aonair a bhfuil fearas glasála feistithe orthu, ar mó an imlíne taobh istigh ná 165 mm nuair atá an bhacfhiaicil gafa san eang dheiridh a théann isteach san fhearas glasála Nóta: Leis an ítim seo, áirítear srianta muiníl agus glais aonair eile nó fáinní eile atá feistithe le fearas glasála atá ceangailte de ghnáthghlais lámh le slabhra
ex65050010 ex65050090 ex65069100 ex65069910 ex65069990	1.3. Cochaill frithsheile: cochaill, lena n-áirítear cochaill atá déanta d'eangach ag a bhfuil clúdach béil a chuireann cosc ar dhuine seile a chaitheamh Nóta: Leis an ítim seo, áirítear cochaill frithsheile atá ceangailte de ghnáthghlais lámh le slabhra
	2. Airm agus gléasanna atá ceaptha le haghaidh círeib a smachtú nó le haghaidh féinchosanta, mar a leanas:
ex85437090 ex93040000	2.1. Airm turrainge leictirí iniompartha nach féidir a dhíriú ach ar dhuine amháin gach uair a thugtar turraing leictreach, lena n-áirítear stiúdsnachtí, sciatha turrainge leictirí, stiúdghunnaí agus ga-ghunnaí turrainge leictirí Nótaí: 1. Leis an ítim seo, ní rialaítear criosanna turrainge leictirí agus gléasanna eile a thagann faoi ítim 2.1 d'Iarscríbhinn II. 2. Leis an ítim seo, ní rialaítear gléasanna turrainge leictirí aonair nuair is lena n-úsáideoir atá siad agus ar mhaithe le cosaint phearsanta an úsáideora

Cód AC	Tuairisc
ex85439000 ex93059900	2.2. Fearais ina bhfuil na comhpháirteanna riachtanacha uile chun airm turrainge leictirí iniompartha a chóimeáil a rialaítear le hítim 2.1 Nóta: Meastar gur comhpháirteanna riachtanacha na hearraí seo a leanas: – an t-aonad a ghineann an turraing leictreach, – an lasc, bíodh sí ina cianlasc nó ná bíodh, agus – na leictreoidí nó, i gcás inarb infheidhme, na sreanga trína dtugtar an turraing leictreach
ex85437090 ex93040000	2.3. Airm turrainge leictirí suite nó insuite a chlúdaíonn limistéar fairsing agus lenar féidir turraingí leictreacha a dhíriú ar níos mó ná duine amháin

Cód AC	Tuairisc
	3. Airm agus trealamh lena scaiptear substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin le haghaidh círéib a smachtú nó le haghaidh féinchosanta agus substaintí gaolmhara áirithe, mar a leanas:
ex84242000 ex84248900 ex93040000	3.1. Airm agus trealamh iniompartha lena dtugtar dáileog de shubstaint cheimiceach ghreannach nó éagumasúcháin a dhírítear ar dhuine amháin nó lena scaiptear dáileog den substaint a dhéanann dochar do limistéar beag, mar shampla i bhfoirm ceobhráin nó scamail, nuair a thugtar dáileog den substaint cheimiceach nó nuair a scaiptear í. Nótaí: 1. Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítim ML7(e) ó Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh¹ 2. Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh iniompartha aonair, fiú má tá substaint cheimiceach ann, nuair is lena úsáideoir atá sé ar mhaithe le cosaint phearsanta an úsáideora 3. Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítimí 3.3 agus 3.4
ex29242998	3.2. Fanailealaimíd aigéid pheileargónaigh (PAVA) (CAS RN 2444-46-4)
ex33019030	3.3. Capsacaim oiléaroisín (OC) (CAS RN 8023-77-6)

¹ An leagan is déanaí arna ghlacadh ag an gComhairle an 26 Feabhra 2018 (IO C 98, 15.3.2018, lch. 1).

Cód AC	Tuairisc
ex29242998 ex29399900 ex33019030 ex33021090 ex33029010 ex33029090 ex38249097	3.4. Meascáin de 0,3 % PAVA nó OC ar a laghad de réir meáchain agus tuaslagóir (amhail eatánól, 1-própánól nó heacsán), a d'fhéadfaí a thabhairt mar oibreáin ghreannacha nó éagumasúcháin, go háirithe in aerasóil agus i bhfoirm leachtach, nó a d'fhéadfaí a úsáid chun oibreáin ghreannacha nó éagumasúcháin a dhéanamh Nótaí: 1. Leis an ítim seo, ní rialaítear anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh, anraithí agus ullmhóidí lena n-aghaidh agus tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha, ar choinníoll nach iad PAVA agus OC an t-aon bhlas comhpháirteach atá iontu 2. Leis an ítim seo, ní rialaítear táirgí íocshláinte dá dtugtar údarú margaíochta i gcomhréir le dlí an Aontais¹

¹ Féach go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1) agus Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

Cód AC	Tuairisc
ex84242000 ex84248900	3.5. Is éard atá sa trealamh suite chun substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin a scaipeadh, ar féidir a fheistiú ar bhalla nó ar shíleáil laistigh d'fhoirgneamh, ná ceanastar oibreán ceimiceach éagumasúcháin nó greannach a ghníomhaítear trí úsáid a bhaint as córas cianrialaithe Nóta: Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítimí 3.3 agus 3.4
ex84242000 ex84248900 ex93040000	3.6. Trealamh suite nó insuite chun oibreáin cheimiceacha ghreannacha nó éagumasúcháin a scaipeadh a chlúdaíonn limistéar fairsing agus nach bhfuil ceaptha le bheith feistithe ar bhalla nó ar shíleáil laistigh d'fhoirgneamh Nótaí: 1. Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítim ML7(e) ó Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh 2. Leis an ítim seo, rialaítear freisin canónacha uisce 3. Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítimí 3.3 agus 3.4

IARSCRÍBHINN IV

Earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis
dá dtagraítear in Airteagal 16

Cód AC	Tuairisc
	1. Táirgí a d'fhéadfaí a úsáid chun daoine a chur chun báis le hinstealladh marfach, mar a leanas:
	1.1. Oibreáin barbatúraite ainéistéiseacha a ghníomhaíonn go gearrthréimhseach agus go meántréimhseach lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do:
ex29335390 [(a) go (f)] ex29335995 [(g) agus (h)]	(a) aimileabarbátón (CAS RN 57-43-2) (b) salann sóidiam aimileabarbatóin (CAS RN 64-43-7) (c) peantabarbátón (CAS RN 76-74-4) (d) salann sóidiam peantabarbatóin (CAS RN 57-33-0) (e) seacabarbátón (CAS RN 76-73-3) (f) salann sóidiam seacabarbatóin (CAS RN 309-43-3) (g) tiaipeantán (CAS RN 76-75-5) (h) salann sóidiam tiaipeanteáin, (CAS RN 71-73-8), dá ngairtear sóidiam tiaipeantóin freisin
ex30039000 ex30049000 ex38249096	Nóta: Rialaítear leis an ítim seo freisin táirgí ina bhfuil ceann de na hoibreáin ainéistéiseacha atá liostaithe faoi oibreáin a ghníomhaíonn go gearrthréimhseach nó go meántréimhseach.

IARSCRÍBHINN V

Údarú ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas AE GEA ...⁺

Cuid 1

Earraí

Cumhdaítear faoin údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo na hearraí sin atá liostaithe in aon taifead in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán(AE) 2018/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁺⁺.

Cumhdaítear faoi freisin soláthar cúnaimh theicniúil don úsáideoir deiridh sa mhéid go bhfuil gá le cúnamh den sórt sin chun na hearraí sin a bhfuil a n-onnmhairiú údaráithe a shuiteáil, a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú, má chuireann an t-onnmhaireoir cúnamh den sórt sin ar fáil.

Cuid 2

Cinn Scríbe

Níl údarú onnmhairiúcháin faoi Rialachán (AE) 2018 ...⁺ ag teastáil i leith soláthairtí go tír nó go críoch ar cuid í de chríoch chustaim an Aontais, a n-áirítear inti chun críche an Rialacháin seo Ceuta, Helgoland agus Melilla (Airteagal 34(2)).

⁺ IO: cuir isteach le do thoil uimhir IO an Rialacháin seo.

¹ Rialachán(AE) 2018/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhonna nó táireach (IO L ..., ..., lch. ...).

⁺⁺ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir IO an Rialacháin seo agus líon isteach an fonóta.

Tá an t-údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo bailí ar fud an Aontais i gcás onnmhairiú chuig na cinn scríbe seo a leanas:

Críocha na Danmhairge nach n-áirítear sa chríoch chustaim:

- Oileáin Fharó
- An Ghraonlainn

Críocha na Fraince nach n-áirítear sa chríoch chustaim:

- Polainéis na Fraince,
- Críocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince,
- An Nua-Chaladóin agus a Spleáchríocha,
- Saint Barthélemy,
- San Pierre agus Miquelon,
- Oileáin Wallis agus Futuna

Críocha na hÍsiltíre nach n-áirítear sa chríoch chustaim:

- Arúba,
- Bonaire,

- Cúrasó,
- Saba,
- Sint Eustasius,
- Sint Maarten

Críocha ábhartha na Breataine nach n-áirítear sa chríoch chustaim:

- Angaíle,
- Beirmiúda,
- Oileáin Fháclainne,
- Giobráltair,
- Montsarat,
- San Héilin agus a Spleáchríocha,
- Seoirsia Theas agus Oileáin Sandwich Theas,
- Oileáin na dTurcach agus Caicos

An Albáin

Andóra

An Airgintín

An Astráil

Beinin

An Bholaiṽ

An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin

Ceanada

Rinn Verde

An Cholóim

Cósta Ríce

Djibouti

An Phoblacht Dhoiminiceach

Eacuadór

Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine

An Ghabúin

An tSeoirsia

Guine-Bissau

Hondúras

An Íoslainn

An Chirgeastáin

An Libéir

Lichtinstéin

Meicsiceo

An Mholdóiv

An Mhongóil

Montainéagró

Mósaimbíc

An Namaib

Neipeal

An Nua-Shéalainn

Nicearagua

An Iorua

Panama

Paragua

Na hOileáin Philipíneacha

Ruanda

San Mairíne

São Tomé agus Príncipe

An tSeirbia

Na Séiséil

An Afraic Theas

An Eilvéis (lena n-áirítear Büsingen agus Campione d'Italia)

Tíomór Thoir

Tóga

An Tuirc

An Tuircméanastáin

An Úcráin

Uragua

An Úisbéiceastáin

Veiniséala

Cuid 3

Coinníollacha agus ceanglais maidir leis an údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo a úsáid

- (1) Ní féidir an t-údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo a úsáid sna cásanna seo a leanas:
- (a) más rud é go bhfuil toirmeasc ar an onnmhaireoir an t-údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/...⁺;
 - (b) más rud é gur chuir údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó bunaithe in iúl don onnmhaireoir sin go bhfuil sé, nó go bhféadfadh sé go mbeadh sé beartaithe go n-ath-onnmhaireofaí na hearraí i gceist, ina n-iomláine nó go páirteach, go tríú tír, nó go n-úsáidfi iad chun críche phionós an bháis i dtríú tír;
 - (c) más rud é go bhfuil a fhios ag an onnmhaireoir nó go bhfuil forais réasúnta aige lena chreidiúint go bhfuil sé beartaithe na hearraí i gceist, ina n-iomláine nó go páirteach, a athonnmhairiú go tríú tír nó go mbainfear an úsáid astu chun críche phionós an bháis i dtríú tír;

⁺ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir IO an Rialacháin seo.

- (d) más rud é go n-onnmhairítear na hearraí ábhartha chuig limistéar saor ó chustaim nó chuig stóras saor atá suite i gceann scríbe atá cumhdaithe leis an údarú ginearálta onnmhairiúcháin seo;
- (e) más rud é gurb é an t-onnmhaireoir monaróir na dtáirgí íocshláinte i gceist agus nach bhfuil comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí tugtha i gcrích aige leis an dáileoir, á cheangal ar an dáileoir go gcuirfidh sé gach soláthar agus aistriú faoi réir tabhairt i gcrích comhaontaithe a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí, á cheangal ar an gcustaiméir, faoi réir pionóis athchomhairligh chonarthaigh de rogha
 - (i) gan aon cheann de na hearraí a fuarthas ón dáileoir a úsáid le haghaidh phionós an bháis;
